



the arts
council
as chomhairle
ealaíon

annual report
tuarascáil bhliantúil
2017



The Arts Council
70 Merrion Square,
Dublin 2, D02 NY52 Ireland

An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, D02 NY52 Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Callsave 1890 392 492



www.facebook.com/artscouncilireland
twitter.com/artscouncil_ie
www.artscouncil.ie

Trophy part-exhibition, part-performance at Barnardo Square, Dublin Fringe Festival. September 2017.

Photographer: Tamara Him.

taispeántas ealaíne *Trophy*, taibhiú páirte ag Barnardo Square, Féile Imeachach Bhaile Átha Cliath. Meán Fómhair 2017. Grianghrafadóir: Tamara Him.



Body Language, David Bolger & Christopher Ash, CoisCéim Dance Theatre at RHA
Gallery: November/December 2017 Photographer: Christopher Ash.
Body Language, David Bolger & Christopher Ash, Amharclann Rince CoisCéim ag Gailearaí
an Acadaimh Ibeirnigh Ríoga. Samhain/Nollaig 2017 Grianghrafadóir: Christopher Ash.



The Arts Council

Who we are and what we do

The Arts Council is the Irish government agency for developing the arts. We work in partnership with artists, arts organisations, public policy makers and others to build a central place for the arts in Irish life.

We provide financial assistance to artists, arts organisations, local authorities and others for artistic purposes. We offer assistance and information on the arts to government and to a wide range of individuals and organisations. As an advocate for the arts and artists, we undertake projects and research, often in new and emerging areas of practice, and increasingly in cooperation with partner organisations.

The Arts Council received €65.15 million in grant funding from the exchequer for 2017.

An Chomhairle Ealaíon

Ár ról agus ár gcuid oibre

Is í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht a cheap Rialtas na hÉireann chun na healaíona a fhorbairt. Oibrímid i gcomhpháirt le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, le lucht déanta beartas poiblí agus le daoine eile chun áit lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann.

Tugaimid cúnamh airgeadais d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí ealaíon, d'údaráis áitiúla agus do dhaoine eile ar mhaithe le cúrsaí ealaíne. Cuirimid comhairle agus eolas i dtaobh na n-ealaíon ar fáil don Rialtas agus do raon leathan daoine aonair agus eagraíochtaí. Agus muid ag saothrú ar son na n-ealaíon agus ealaíontóirí, tugaimid faoi thionscadail agus faoi thaighde. Baineann cuid mhór díobh seo le réimsí nua den chleachtas ealaíne atá ag teacht chun cinn agus is minic a dhéantar an obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta.

Fuair an Chomhairle Ealaíon €65.15 milliún de dheontas i gcabhair ón státchiste in 2017.





Contents / Clár Ábhair

i	Chair's Statement
	Ráiteas an Chathaoirligh
iv	Director's Statement
	Ráiteas an Stiúrthóra
1	Review of the Year 2017
	Athbhreithniú ar an mBliain 2017
37	Council Membership 2017
	Baill na Comhairle 2017
38	Senior Management Team
	An Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach
40	Staff
	An Fhoireann
43	Advisers
	Comhairleoirí
46	Financial Statements
	Ráitis Airgeadais
91	Awards, Developments and Support Grants
	Ráitis Airgeadais

Alexander Wright's *The Great Gatsby* at The Gate Theatre, July 2017.
Photographer: Agata Stoinska.

The Great Gatsby á stiúradh ag Alexander Wright, ag Amharclann an Gate,
Mí Iúil 2017. Grianghrafadóir: Agata Stoinska.



Aaron Monaghan in *The Second Violinist*, a new opera by Donnacha Dennehy and Enda Walsh, produced by Landmark Productions and Wide Open Opera. Black Box Theatre, Galway Arts Festival, July 2017. Photographer: Patrick Redmond.

Aaron Monaghan sa *The Second Violinist*, ceoldráma nua le Donnacha Dennehy agus Enda Walsh, léirithe ag Landmark Productions agus Wide Open Opera. An Dubhlann, Féile Ealaíon na Gaillimhe, Mí Iúil 2017. Grianghrafadóir: Patrick Redmond.



Chair's Statement / Ráiteas an Chathaoirligh

In 2017 there was a sense in the arts of hard, parched ground slowly softening and reawakening. If green shoots are small, the fact of optimism is welcome. In the hardest of times artists gave of their best, not just for little but sometimes for nothing. For modest public investment the arts enlivened the Irish soul during the depths of economic recession. When power failed disastrously, artists held it magisterially to account. When we were weary, artists entertained us.

In visceral emotion that sprang from a deep well, artists articulated a righteous anger that will be the ultimate and true telling of the history of this period. When the moment came for commemoration, it was to artists that the state turned to make sense of what was happening, away out of time itself. In so doing we got more than pageant: We arrived at a deeper sense of who we are.

This is the final of five annual reports I have had the privilege of providing, with my Council colleagues, of our work in the preceding calendar year. It has both a wider context and a specific content.

That specific content is of incalculable return on improved, but scarcely extravagant investment in the arts. That return was given by thousands of artists, across all artforms, throughout the country. It was distilled from years of practice, out of the disappointment of failure and from renewed determination to try again. It was work where suddenly everything aligned, and light shone on meaning so brilliantly articulated through art. Sweat, tears and disappointment are as much a part of the arts as applause and achievement. This report celebrates achievement in 2017. That achievement rose out of the passion of artists, whose sense of vocation is truly inspiring.

In a wider context, the Arts Council has sought periodically to make a strategic difference in the development of one artform or another.

Historically, we can look back on moments when the development of dance and of the traditional arts were singled out. There was a conscious effort to broaden the base and to reach out to artists who for too long were in our peripheral vision. Our ambition was to deepen what is meant by art and to develop practice and appreciation.

In 2017, I am very proud that for opera there was a similar moment of departure. The Council ran an open submission process to identify a preferred regular provider of main-scale core opera repertoire. We chose a merged-company proposal from Opera Theatre Company and Wide Open Opera. From 2018, the new Irish National Opera will produce main-scale core repertoire based initially in Dublin, Wexford and Cork integrated with extensive touring opera, following a national-company model originally planned for 2011. I am confident

Bhí na healaíona in 2017 mar a bheadh an cruas i dtalamh loiscithe ag bogadh agus ag teacht chuige féin arís. Más beag féin iad na comharthaí téarnaimh, cuirtear fáilte roimh an dóchas. Nuair ba mheasa rudaí rinne ealaíontóirí a ndícheall, agus ní hamháin nach bhfuair siad ach an fíorbheagán, uaireanta ní raibh dada beo dá bharr acu. Ar bheagán infheistíochta poiblí thug na healaíona beocht agus spiorad arís do mhuintir na hÉireann nuair ba mheasa an cúlú eacnamaíoch. Nuair a chlis go tubaisteach ar lucht na cumhachta, chuir ealaíontóirí faoi ndeara dóibh a bheith freagrach. Nuair a bhíomar spionta amach, thug ealaíontóirí siamsaíocht dúinn.

As suaithreadh instinníúil a d'éascair as tobar domhain, chuir ealaíontóirí a gcuid oilc in iúl mar ba dhual dóibh, agus sin é a thabharfaidh an insint fhréanta ar stair na tréimhse seo sa deireadh thiar. Nuair a tháinig an t-am le comóradh a dhéanamh, is ar na healaíontóirí a d'iompaigh an stát le ciall a bhaint as gach a bhí ag tarlú, gan deifir gan brú. Agus d'éirigh linn níos mó ná tóstal a fháil nuair a rinneadh é sin: Shroicheadar brí níos doimhne fúinn féin.

Seo é an ceann deiridh de chúig thuarascáil bhliantúla a bheidh á chur ar fáil agam, i dteannta mo chomhghleacaithe sa Chomhairle, den obair a rinneamar sa bhliain fhéilire roimhe sin. Tá comhthéacs i gcoitinne sa tuarascáil agus ar ndóigh nithe sonracha freisin.

Baineann na nithe sonracha sin leis an toradh thar cuimse a fuarthas ar infheistíocht fheabhsaithe, ach fíor-ghann sna healaíona. Thug na mílte ealaíontóir, thar gach foirm ealaíne, an toradh sin ar fud na tíre. Tháinig sé ó bhlianta cleachtaidh, as díomá de bharr teipthe agus as diongbháilteacht as an nua tabhairt faoi arís. Obair a bhí ann inar tháinig gach rud le chéile go tobann, agus tugadh léargas ar an mbrí a cuireadh in iúl chomh hiontach sin tríd an ealaín. Tá allas, deora agus díomá ina gcuid den ealaín chomh mór is atá gártha molta agus éachtaí. Déantar comóradh sa tuarascáil seo ar éachtaí a baineadh amach in 2017. D'éascair na héachtaí sin as paisean ealaíontóirí, a bhfuil a mórtas gairme thar a bheith inspioráideach.

I gcomhthéacs níos leithne, d'fhéach an Chomhairle Ealaíon anois agus arís le difear stuama a dhéanamh i bhforbairt foirm ealaíne amháin nó eile.

Riamh anall bhíomar in ann féachaint siar ar amanna nuair a piocadh amach forbairt an damhsa agus na n-ealaíon traidisiúnta thar ealaíon eile. Rinneadh iarracht choinsiasach an bun a leathnú agus dul i gcion ar ealaíontóirí atá ar an imeall le fada an lá, rófhada go deimhin. Bhí sé mar uaimhian againn an bhrí a bhaineann leis an ealaín a dhoimhniú agus cleachtas agus léirmheas a fhorbairt.

In 2017 táim fíor-mhórtasach go raibh an méid céanna athrú



that this development is a moment of cathartic change for opera as an artform in Ireland. It complements existing companies and practice and offers a resource and a platform for future developments. It delivers on a key principle of our ten year strategy, *Making Great Art Work*, by providing a focus both for the existing audience, and the one to be developed.

2017 was a time of recovery and recuperation but much remains to be done. Full repair will take more time and sustained investment. But we are not going back. Everything changes and art especially depends on new interpretation and perspective. Signing this last report is part nostalgia for an opportunity of service that will not come again.

That is tempered by ambition to do more in the months ahead before it is time to hand over. It is, however, assuaged by relief that the worst may be over, and that there is seemingly greater opportunity for our most talented people to make art.

The arm's length principle that separates government responsibility to fund and to set overall policy from the Arts Council's power to decide how these funds are allocated is a critical one. Incrementally, as new structures develop and new practices emerge, previously fundamental principles may be diluted. Everything changes and organisations are agents for change. Some principles, however, remain fundamental. The arts are essential to our citizenship, so it is a core value that public funds for the arts are never controlled for political purposes. This has been honoured by all governments since 1951 and Ireland holds a highly respected place in the international arena of countries that fund the arts through arts councils.

To speak of some of the last five years in terms of achievement would be vainglorious. Artists I know and admire have had hard times. Work that could have been made either didn't happen or wasn't what it might have been. But artists persevered and art, great art, was made.

i gceist leis an gceoldrámaíocht. Reáchtáil an Chomhairle próiseas aighneachta chun an príomhsholáthraí rialta de chroí-stór ceoldrámaíochta ar phríomhscála a shainaithint. Roghnaíomar togra cónasctha compántais ón Opera Theatre Company agus Wide Open Opera. Ón mbliain 2018 ar aghaidh, léireoidh Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann nua croí-stór príomhscála i mBaile Átha Cliath, Loch Garman agus i gCorcaigh ar dtús agus é comhtháite le ceoldrámaíocht camchuiarte forleathan, ag déanamh aithrise ar shamhail compántais náisiúnta a bhí beartaithe ar an gcéad dul síos le haghaidh 2011. Táim muiníneach gur léiriú é an fhorbairt sin d'athrú tábhachtach don cheoldrámaíocht mar fhoirm ealaíne in Éirinn.

Comhlánaíonn sé compántais agus cleachtas reatha agus tairgeann sé acmhainn agus ardán le haghaidh forbairtí sa todhchaí. Cuireann sé croí-phrionsabal dár straitéis deich mbliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, ar fáil, trí fhócas a chur ar fáil don lucht féachana reatha, agus don cheann atá le forbairt.

Ba thréimhse téarnaimh agus bisigh a bhí in 2017 ach ar ndóigh tá neart le déanamh fós. Tógfaidh sé níos faide orainn teacht chugainn féin ar fad, agus teastóidh infheistíocht leanúnach. Ach ní ghabhfaimid ar ais. Athraíonn gach rud agus bíonn an ealaín go speisialta ag brath ar léirmhíniú agus ar pheirspictíocht nua. Agus mé ag síniú na tuarascála deiridh seo táim ag caitheamh i ndiaidh deis seirbhíse nach dtiocfaidh choíche arís.

Neartaítear é sin le huaillmhian chun tuilleadh a dhéanamh sna míonna seo romhainn sula mbeidh sé in am an cúram a fhágáil ag duine éigin eile. Tá sé níos éasca, mar sin féin, de bharr faoiseamh go bhféadfadh sé go bhfuil an chuid is measa de thart, agus go bhfuil deis níos mó ann anois dár ndream is cumasaí ealaín a dhéanamh.

Tá prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, a scarann freagracht an rialtais chun maoiniú a thabhairt agus chun beartas foriomlán a leagan síos ó chumhacht

Opposite page: Still from *Phantom Islands*,
a pictorial film by Rouzbeh Rashidi.
An leathanach eile: Grianghraf ó *Phantom Islands*,
scannán pictiúrtha le Rouzbeh Rashidi.

Right: *Bristle: Hair and Hegemony* exhibition at
Highlanes Gallery, Drogheda, July–August 2017.
Photographer: Eugene Langan.
Ar dheis: Taispeántas *Bristle: Hair and Hegemony* ag
Highlanes Gallery, Droichead Átha, Iúil–Lúnasa 2017.
Grianghrafadóir: Eugene Langan.



The privilege of leading the Council was to walk with, to applaud, to advise and, in so far as we could, materially help artists bring their work to the people. The public purse is again expanding, there is a sense of a corner being turned and of pride in our country re-emerging. I acknowledge with thanks the support of government to date, the wholehearted engagement of the arts community and the work of both my fellow Council members and our executive team.

Sheila Pratschke,
Chairperson

cinnteoireachta na Comhairle Ealaíon faoin gcaoi a leithdháiltear na cistí sin, fíorthábhachtach go deo. Diaidh ar ndiaidh, de réir mar a fhorbraítear struchtúir nua agus de réir mar a thagann cleachtais nua chun cinn, d'fhéadfaí bunphrionsabail a bhí againn roimhe seo a laghdú nó a dhéanamh níos laige. Athraíonn gach rud agus is gníomhairí don athrú iad eagraíochtaí. Ach bíonn roinnt prionsabal bunúsach ann i gcónaí, áfach. Tá na healaíona riachtanach dár saoránacht, mar sin is rud maith é nach mbíonn smacht riamh ar chistí poiblí do na healaíona chun críche polaitiúla. Thug gach rialtas ó 1951 i leith a bheannacht dó sin agus tá ardmheas ar Éirinn sa raon idirnáisiúnta de thíortha a mhaoiníonn na healaíona trí Chomhairlí Ealaíon.

Iarracht in aisce a bheadh ann labhairt díreach ar chuid de na héachtaí a rinneadh le cúig bliana anuas. Bhí ealaíontóirí a bhfuil aithne agus ardmheas agam orthu i gcrúachás. Ní dhearnadh saothar a d'fhéadfaí a dhéanamh nó níor thit rudaí amach mar ba cheart dóibh. Ach lean ealaíontóirí orthu agus cruthaíodh ealaín, ealaín den scoth. Bhí sé de phribhléid agam an Chomhairle a stiúradh, siúl leo, tréaslú leo, comhairle a chur orthu agus, a mhéid is a d'fhéadamar, cuidiú go hábhartha le healaíontóirí a saothar a chur os comhair na ndaoine. Tá an sparán poiblí ag leathnú arís, braitear go bhfuil an chuid is measa de thart agus tá mórtas in athuir inár dtír. Tugaim aitheantas agus buíochas don tacaíocht a thug an rialtas dúinn go dtí seo, do rannpháirtíocht ghnaíúil phobal na n-ealaíon agus don obair ar fad a rinne mo chomhghleacaithe ar an gComhairle agus ár bhfoireann feidhmiúcháin.

Sheila Pratschke,
Cathaoirleach



Director's Statement / Ráiteas an Stiúrthóra

2017 was the first full calendar year of the Council's 10-year strategy *Making Great Art Work*. Government support increased by 8% and priorities began to be addressed systematically on the basis of our strategic plan. Across the artforms and the Council's own funding decisions our key themes of focusing on public engagement and supporting the artist began to be felt. Specifically, there was an increase in resources for bursaries for artists. Working with children and young people was a renewed priority. So too were communities where access to the arts is difficult.

In partnership with the Department of Education and Skills, the Arts Council stepped up to lead, understand, develop and celebrate the arts and creativity in schools through the Creative Schools Programme. This will establish a range of collaborative opportunities for schools to develop and strengthen their relationships with the broader artistic and community infrastructure in which they operate. In the longer term, the aim is to support every school to fully embrace the arts and creativity, ensuring a positive experience and strong outcomes for children and young people.

Art is about offering the opportunity to everyone in every community to live full and rich lives. Our role as the publicly funded Arts Council is to ensure available resources make a difference to those with least access. This is at the heart of our own strategy and of the partnerships we seek to form. The Department of Education and Skills is one such partnership and local government is another. Local authorities are our oldest partners and deeply valued. From venues, to festivals, to special projects around the country, we work closely together. Our shared knowledge, allied with our shared resources, creates an invaluable synergy for supporting art, artists and audiences in the communities where they live.

Art is about giving voice to much that otherwise could not or would not be said. In #wakingthefeminists and #metoo something that had not been said in the arts was voiced. Just as poverty and dependency are barriers to art, they also act as enablers to the abuse of power within our sector. People with too few choices put up with too much, for too long. The Arts Council can't wish away a dependency that thrives when resources and opportunity are scarce. We can't police but we do have a responsibility to empower. Dignity and respect are not just fundamental values, they must be supported by policies in organisations and owned by the boards and management that lead them. Embedding those appropriate policies in organisations we fund is our firm purpose.

2017 was a year when all in the arts and the Council lifted our heads and looked to the future with greater focus and

Ba é 2017 an chéad bhliain fhéilire iomlán de straitéis 10 mbliana na Comhairle *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*. Tháinig méadú 8% ar thacaíocht an Rialtais agus tosaíodh ag dul i ngleic diaidh ar ndiaidh le tosaíochtaí bunaithe ar ár bplean straitéiseach. Thar na bhfoirmeacha ealaíne agus chinntí maoinithe na Comhairle féin thosaigh daoine ag tuiscint go rabhamar ag díriú ar rannpháirtíocht an phobail agus ag tacú leis an ealaíontóir. Tháinig méadú go speisialta ar acmhainní i gcomhair sparanachtaí d'ealaíontóirí. Bhí tosaíocht á tabhairt arís eile do bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga. Agus bhí tosaíocht á tabhairt do phobail ina raibh sé deacair na healaíona a rochtain.

Chuir an Chomhairle Ealaíon dlús faoina comhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun na healaíona agus an chruthaitheacht a stiúradh, a thuiscint, a fhorbairt agus a chomóradh i scoileanna tríd an gClár Scoileanna Ildánacha. Bunóidh sí raon deiseanna comhoibritheacha do scoileanna agus forbróidh agus láidreoidh sí na caidrimh idir scoileanna agus an bonneagar cultúrtha agus ealaíonta níos leithe ina bhfeidhmíonn siad. Is é an aidhm fhadtéarmach atá ag gach scoil go dtacófar agus go nglacfar go hiomlán leis na healaíona agus le cruthaitheacht, lena chinntiú go mbeidh taithí agus torthaí láidre, dearfacha ag leanaí agus daoine óga.

Baineann ealaín le deis a thairiscint do gach duine i ngach pobal saol iomlán bisiúil a chaitheamh. Is é an ról atá againn mar Chomhairle Ealaíon atá á maoiniú go poiblí a chinntiú go ndéanann na hacmhainní atá ar fáil difear dóibh siúd is lú rochtana. Tá sé sin i gcoillár ár straitéise féin agus na gcomhpháirtíochtaí is mian linn a chruthú. Is comhpháirtíocht amháin den sórt sin an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus is comhpháirtíocht eile an rialtas áitiúil. Is iad na húdaráis áitiúla an comhpháirtí is sine againn agus dream a bhfuil meas mór againn orthu. Idir ionaid tionóil, fhéilte agus thograí speisialta ar fud na tíre oibrímid i ndlúthchomhar le chéile. Is meascán luachmhar é ár n-eolas comhroinnte mar aon le hacmhainní roinnte chun tacú leis an ealaín, le healaíontóirí agus leis an lucht féachana sna pobail ina maireann siad.

Baineann ealaín le guth a thabhairt do rudaí nach bhféadfaí a rá nó nach ndéarfaí murach sin. In #wakingthefeminists agus #metoo tugadh deis rud éigin a rá nach raibh á rá sna healaíona. Díreach mar a chuireann bochtaineacht agus spleáchas cosc ar ealaín, is cumasóirí iad freisin don mhí-úsáid cumhachta laistigh dár n-earnáil. Chuir daoine ar bheagán roghanna, suas leis an iomarca, i bhfad rófhada. Ní féidir leis an gComhairle Ealaíon am a chur amú le spleáchas a mbíonn borradh faoi nuair a bhíonn acmhainní agus deiseanna gann. Ní féidir linn a bheith ag gardáil ach tá freagracht orainn cumhacht a thabhairt do dhaoine. Ní hamháin gur luachanna bunúsacha iad dínit agus ómós, ní



Joy Gerrard *Protest Crowd*, Charlotte, USA, *Black Lives Matter* (2016) RHA Gallery, Dublin, January/March 2017. Photographer: Ros Kavanagh.

Protest Crowd le Joy Gerrard, Charlotte, Stáit Aontaithe Mheiriceá, *Black Lives Matter* (2016) Gailearaí an Acadaimh Ibeirigh Ríoga, Baile Átha Cliath, Eanáir/Márta 2017. Grianghrafadóir: Ros Kavanagh.

concentration than we have for a long time. Living hand to mouth and being strategic are not compatible forever. For the first time in a long time, there was a real sense that plans made more in hope than in confidence were at last unfolding and beginning to be fulfilled. *Making Great Art Work* is now a strategy in action. It was conceived in the most difficult of times. Now, in what I hope is the beginning of better ones, its values and strategic aims are beginning to be realised.

Orlaith McBride

Orlaith McBride,
Director

mór dóibh tacaíocht a fháil ó bheartais in eagraíochtaí agus a bheith faoi úinéireacht na mbord agus na bainistíochta atá ina mbun. Is príomhaidhm dár gcuid na beartais chuí sin a leabú in eagraíochtaí a mhaoinímid.

Ba bhliain é 2017 nuair a d'ardaigh gach duine sna healaíona agus sa Chomhairle a gceann agus d'fhéachamar chun cinn agus muid níos dírithe ná mar a bhíomar le fada an lá. Ní féidir a bheith ag maireachtáil ó lámh go béal agus a bheith stuama ag an am céanna. Den chéad uair le fada an lá, braitear go bhfuil pleananna a rinneadh le dóchas níos mó ná le muinín á gcur i gcrích anois sa deireadh thiar. Is straitéis oibre é *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* anois. Ceapadh é ag tráth a raibh cúrsaí eacnamaíocha ina gcóir thuathail, ach anois tá an saol ag feabhsú arís, agus tá luachanna agus aidhmeanna straitéiseacha na straitéise á gcur i gcrích.

Orlaith McBride

Orlaith McBride,
Stiúrthóir



Irish Chamber Orchestra's *Sing Out With Strings* annual showcase, May 2017. Photographer: Keith Wiseman.
Taispeántas bliantúil *Sing Out With Strings* de chuid Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann, Bealtaine 2017.
Grianghrafadóir: Keith Wiseman.

Our Values

As a statutory public body the Arts Council operates within a framework of legal and regulatory obligations and a range of codes of good practice. In addition we are guided by a set of values that include:

- **Freedom of thought and of expression**
which is essential to the development of new ideas and new work
- **Commitment to excellence**
Commitment to excellence in all aspects of our own work and that of the artists, arts organisations, and others we support
- **Integrity, accountability, transparency**
in all of our decision-making and especially in our investment of public monies
- **Respect for diversity of artistic practice,**
of public engagement, and of social and cultural traditions
- **Collegiality**
communicating and working respectfully with partners, stakeholders and the entire arts sector

Our Vision

We are inspired by the prospect of an Ireland

- where the arts are valued as central to civic life, as a hallmark of local and national identity, and as a sign and signature of our creativity as a people
- where the arts are practised and enjoyed widely in our communities, public spaces (real and virtual) and in dedicated venues and centres across the country
- where artists and practitioners whose exceptional talent and commitment lead them to work professionally in the arts can have productive and rewarding careers
- where local and national politicians, decision-makers and officials in a wide range of departments and agencies recognise the distinctive societal value of the arts and provide for them accordingly
- where the Arts Council as the national development agency for the arts is resourced adequately to address the full breadth of its remit

Ár Luachanna

Mar chomhlacht poiblí reachtúil, feidhmíonn an Chomhairle Ealaíon laistigh de chreat dualgaís dlí agus rialaithe agus réimse cód um dhea-chleachtas. Mar aon leis sin, táimid treoraithe ag sraith luachanna lena n-áirítear:

- **Saoirse smaointeoireachta agus léirithe**
rud atá ríthábhachtach chun smaointe agus saothar nua a fhorbairt
- **Tiomantas do shármhaitheas**
i ngach gné dár gcuid oibre féin agus de shaothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus daoine eile lena dtacaímid
- **Sláine, cuntasacht, trédhearcacht**
inár gcinnteoireacht ar fad agus go háirithe san infheistíocht a dhéanaimid ar airgead poiblí
- **Meas ar éagsúlacht**
i rannpháirtíocht an phobail, agus i dtraidisiúin shóisialta agus chultúrtha
- **Comhghleacaíocht**
cumarsáid a dhéanamh agus oibriú go measúil le comhpháirtithe, páirtithe leasmhara agus leis an earnáil ealaíon i gcoitinne

Ár bhFís

Faighimid inspioráid nuair a smaoinímid ar Éirinn

- ina léirítear luach ar na healaíona mar ghné lárnach den saol cathartha, agus mar shainmharc d'aitheantas áitiúil agus náisiúnta agus mar chomhartha agus mar shíniú dár gcruthaitheacht mar dhaoine
- ina gcleachtar agus ina mbaintear taitneamh as na healaíona go forleathan inár bpobail, i spásanna poiblí (fíor agus réadúil) agus in ionaid speisialta ar fud na tíre
- inar féidir le healaíontóirí agus le cleachtóirí atá ag obair go gairmiúil sna healaíona mar gheall ar an mbua agus tiomantas iontach atá acu gairmeacha táirgiúla agus tairbheacha a bheith acu
- ina n-aithníonn polaiteoirí, cinnteoirí agus oifigigh áitiúla agus náisiúnta i réimse leathan ranna agus gníomhaireachtaí luach sochaíoch sainiúil na n-ealaíon agus ina ndéanann siad soláthar dóibh dá réir sin
- ina dtugtar dóthain acmhainní don Chomhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht forbartha náisiúnta i gcomhair na n-ealaíon le dul i ngleic i gceart le leithead iomlán a sainchúraim

Our Mission / Ár Misean

Our Mission

Our mission is to lead the development of the arts in Ireland.

We do this in four ways:

1. We advocate the importance and value of the arts and promote their practice and development.
2. We advise government and others on the arts as required by the Arts Act.
3. We invest public monies allocated to us by government in supporting artists and arts organisations to make work of excellence and in other actions consistent with our remit.
4. We work in partnership with the Department of the Arts and with other government departments as well as with local government and with agencies and organisations within and beyond the cultural sector.

Ár Misean

Is é ár misean forbairt na n-ealaíon a threorú in Éirinn.

Déanaimid é sin ar cheithre bhealach:

1. Tacaímid le tábhacht agus luach na n-ealaíon agus cuirimid a gcleachtadh agus a bhforbairt chun cinn.
2. Cuirimid comhairle ar an rialtas agus ar dhreamanna eile maidir leis na healaíona de réir mar is gá san Acht Ealaíon.
3. Infheistímid airgead poiblí a leithdháileann an rialtas orainn le tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun saothar sármhaith a chruthú agus i ngníomhartha eile a thagann lenár sainchúram.
4. Oibrímid i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon agus le ranna rialtais eile mar aon le rialtas áitiúil agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí laistigh den earnáil chultúrtha agus taobh amuigh di.



Above: Daria Martin, *Subjects and Objects*, VISUAL, Carlow. August 2017.
 Photographer: Ros Kavanagh.
 Thuas: Daria Martin, *Subjects and Objects*, VISUAL, Ceatharlach. Lúnasa 2017.
 Grianghrafadóir: Ros Kavanagh.

Below: Michael Keegan-Dolan's adaptation of *Swan Lake/Loch na hEala*
 Teac Damsa. Photographer: Colm Hogan.
 Thíos: Athchóiriú Michael Keegan-Dolan ar *Swan Lake/Loch na hEala*
 Teac Damsa. Grianghrafadóir: Colm Hogan.



The Arts Council received
€65.15 million in grants

€65.15m

Fuair an Chomhairle Ealaíon
deontais darbh fhiú €65.15 milliún

€58 million was spent on grants given directly to organisations and artists including **€2.5 million** to Aosdána and **€6.2 million** for The Abbey Theatre

Caitheadh **€58 milliún** ar dheontais a tugadh go díreach d'eagraíochtaí agus d'ealaíontóirí lenar áiríodh **€2.5 milliún** d'Aosdána agus **€6.2 milliún** d'Amharclann na Mainistreach

Projects

€3.6 million supporting over 125 participants

Projects

Fuair tionscadail **€3.6 milliún**, ag tacú le 125 duine

Travel and Training

over **€320,000** shared by over 270 participants

Maidir le Taisteal agus Oiliúint

roinneadh os cionn **€320,000** idir 270 faighteoir



Literature Title by Title Scheme

saw **€280,000** shared by 19 grantees

I litríocht bhain 19 deontái leas as **€280,000** eatarthu leis **an scéim Teideal ar Theideal**

€220,000

Dance Artist in Residence Scheme

Scéim um Ealaíontóir Damhsa Cónaithe

Commissions totalling **€219,000**

were shared by 24 grantees

Commissions Bhain 24 deontái as a **Coimisiúin** darbh fhiú **€219,000** ar an iomlán

The **Young Ensembles Scheme** of **€164,000**

was spread over 17 organisations

Roinneadh **€164,000** idir 17 eagraíocht faoi

Scéim Ensembles na nÓg



Bursaries totalling

€1.8 million were shared over 187 grantees

Roinneadh sparánachtaí darbh fhiú €1.8 milliún idir Breis is 187 deontai

National Touring

Nearly €1.6 million was spent supporting 44 tours. The Arts Council of Northern Ireland contributed €166,000 towards these tours.

Caitheadh €1.6 million ar chamchuairt ag tacú le breis is 44 camchuairt. Thug Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann €166,000 i dtreo comh-camchuaireanna thuaidh-theas.



Festivals

Nearly €6 million shared by over 163 festivals including Wexford Opera Festival €1.4 million, Dublin Theatre Festival €850,000, Galway Arts Festival €530,000, Kilkenny Arts Festival €405,000, Dublin Fringe Festival €370,000

Féilte

Caitheadh €6 milliún d'fhéilte agus roinneadh an méid sin idir 163 féilte. Ar na cinn ba mhó acu sin bhí Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman a fuair €1.4 million, Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath a fuair €850,000, Féile Ealaíon na Gaillimhe a fuair €530,000, Féile Ealaíon Chill Chainnigh a fuair €405,000, Féile Imeachaíochta Bhaile Átha Cliath €370,000



Programme Activity Fund

€486,000 to 12 grantees

Ciste Gníomhaíochta Cláir

bhain 12 dheontai leas as an gciste arbh fhiú €486,000 é Roinneadh dámhachtainí

DEIS awards of over €270,000 were shared between 32 recipients

DEIS darbh fhiú os cionn €270,000 amach i measc 32 duine

Open Call

Over €800,000 to 7 artists and organisations

Gairmeacha Oscailte

Níos mó ná €800,000 go 7 ealaíontóir agus eagraíocht



Opera Production Awards

Over €944,000 for 3 operas.

Dámhachtainí um Léiriúchán Ceoldráma

darbh fhiú €944,000 ar son 3 cheoldráma.



Pathway exhibition opening in Nazareth House Nursing Home, Sligo. Bealtaine Festival, 2017. Photographer: Val Robus.
Seoladh an taispeántais 'Pathway' i dteach altranaís Nazareth House, Sligeach. Féile na Bealtaine 2017. Grianghrafadóir: Val Robus.



Arts Participation

The Arts Council continued to focus on the area of Arts Participation as an important part of supporting artists who wish to work in socially engaged practice, developing public engagement, growing and diversifying audiences and reaching communities for whom access to the arts can be difficult. Arts Participation focuses on five context areas: health, disability, cultural diversity, older people and communities of place or interest.

In addition to its regular suite of grants and awards, which support artists and arts organisations working in participatory and collaborative contexts, the Arts Council continued to fund a number of specifically targeted external schemes. These included the Artist in the Community Scheme, managed by Create, the national development agency for collaborative arts; the Arts and Disability Connect Scheme managed by Arts & Disability Ireland (ADI) and the Visual Artists and Writers in Prison Scheme, co-funded and managed in partnership with the Irish Prison Service.

In line with the priorities set out in *Making Great Art Work*, the Arts Council increased its investment for cultural diversity and worked with Create to develop a new Cultural Diversity strand for the Artist in Community Scheme. Research was completed on developing a new national programme to engage hard to reach communities, which will be developed further in 2018.

The Arts Council welcomed a delegation of community arts managers and officials from South Africa on a study visit from January 29–31, 2017. The visit was part of a South African Department of Arts and Culture and EU-funded programme entitled ‘Shukuma Mzansi!’ (Shake up the South). This focused on learning and addressing key areas such as policy implementation, programming, alternative funding measures and resources within community arts centres in South Africa and Ireland. During the visit, the group met representatives from the Arts Council, CREATE, The LAB, Tallaght Community Arts Centre and The Ark. In March 2017, each participating EU country sent two delegates to a conference in South Africa on international cultural dialogue around community arts and venues.

The Arts Participation team joined the sector in public discussion events such as Waterford Healing Arts Trust’s annual Arts and Health event, Check Up Check In, hosted by artsandhealth.ie, Create and Arts Initiative in Mental Health, Sligo. There was also Arts & Disability Ireland’s alumni event for artists awarded under the Arts Council’s Arts and Disability Connect scheme, Create’s national networking day, a discussion on the future of Black Irish theatre in Ireland with Festabit and conducted a number of information sessions nationally on the Arts Participation Bursary Award.

Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Lean an Chomhairle Ealaíon ag díriú a cuid tacaíochta sa réimse Rannpháirtíochta sna hEalaíona mar chuid thábhachtach de thacaíocht a thabhairt d’ealaíontóirí ar mian leo oibriú i gcleachtas sóisialta, rannpháirtíocht an phobail a fhorbairt, lucht féachana agus éisteachta a fhás agus a dhéanamh éagsúil agus pobail a shroicheadh a mbíonn sé deacair acu teacht ar na healaíona. Díritear rannpháirtíocht sna healaíona ar na cúig réimse comhthéacs seo a leanas: sláinte, míchumas, ilchineálacht chultúrtha, daoine breacaosta, agus pobail áite nó chomhspéise.

Chomh maith lena gnáth-thacar deontas agus dámhachtainí, a thacaíonn le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon a oibríonn sa chomhthéacs rannpháirteach agus comhoibríoch, lean an Chomhairle Ealaíon ar aghaidh ag maoiniú roinnt scéimeanna seachtracha a ndírítear go sonrach orthu. Ina measc tá Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal, á bainistiú ag Create, an ghníomhaireacht forbartha i gcomhair na n-ealaíon comhpháirteach; an Scéim Ceangal na nEalaíon agus an Mhíchumais atá á bainistiú ag Arts & Disability Ireland (ADI) agus Scéim na bhFísealaíontóirí agus na Scríbhneoirí sna Príosúin á gcómhaoiniú agus á mbainistiú i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Ag teacht leis na tosaíochtaí in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* mhéadaigh an Chomhairle Ealaíon a cuid infheistíochta le haghaidh Éagsúlacht Chultúrtha agus d’oibrigh sí le Create chun snáithe nua ar Éagsúlacht Chultúrtha a fhorbairt le haghaidh na Scéime Ealaíontóir sa Phobal. Cuireadh taighde i gcrích maidir le clár nua náisiúnta a fhorbairt chun go mbeidh rochtain ag pobail scoite amach agus déanfar forbairt bhreise ar an gclár in 2018.

Chuir an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh thoscaireacht bainisteoirí agus oifigeach ealaíne pobail ón Afraic Theas ar chuairt staidéir go hÉirinn ón 29–31 Eanáir, 2017. Is cuid de Roinn Ealaíon agus Cultúir na hAfraice Theas agus den chlár atá á mhaoiniú ag an AE dar teideal ‘Shukuma Mzansi!’ (Borradh ó Dheas) a bhí sa chuairt, inar díriodh ar fhoghlaim agus inar tugadh aghaidh ar phríomhréimsí mar bheartais a chur i bhfeidhm, ríomhchlárú, bearta malartacha maoinithe agus acmhainní laistigh d’ionaid ealaíon pobail san Afraic Theas agus in Éirinn. I rith a gcuairte, bhuail an grúpa le hionadaithe ón gComhairle Ealaíon, CREATE, The LAB, Ionad Ealaíon Pobail Thamhlachta agus The Ark. I mí an Mhárta 2017, sheol gach tír ón AE beirt thoscairí chuig comhdháil san Afraic Theas ar phlé cultúrtha idirnáisiúnta faoi ealaíona pobail agus ionaid.

Bhí an fhoireann Rannpháirtíocht sna hEalaíona i dteannta na hearnála in imeachtaí díospóireachta poiblí cosúil le himeacht Ealaíon agus Sláinte bliantúil de chuid Iontaobhas Waterford Healing Arts, Check Up Check In, á óstáil

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

2

These programmes illustrate our long-term commitment to bring the arts to diverse audiences and participants, facilitating greater access to the arts.

Venues

Venues are more than places where art is made – they are places of community, of collaboration and support for the arts. They are visible signs of arts in the community and in many cases very valuable and appreciated symbols of the collaboration between local government and the Arts Council.

Over €5.5m was committed in 2017 to support 48 venues and the performing arts resource company, Theatre Forum. This funding was largely directed towards the subsidy of professional arts programmes in the sector, with some venues also receiving support for core costs. Local authority support to the same venues (which are largely owned by local authorities) was maintained and increased in some instances.

The sector benefited from a capital programme made available by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht. This focused on maintaining existing buildings but also comprised some investment in extensive renovation of buildings as arts facilities.

The first full year of the Arts Council's strategy, *Making Great Art Work*, was reflected in the continuing emphasis that has developed in recent years on creating opportunities for artists to make work in venues. This can be through both informal and formal residencies (often with the assistance of Arts Council-supported schemes in dance, theatre and visual arts), the provision of office facilities and work spaces and administrative support.

Collaboration between producers and venues was encouraged through a variety of initiatives, manifested in the adoption of a web touring platform through Theatre Forum which will facilitate engagement between all those in the sector responsible for the planning and presentation of work.

Three touring schemes were administered for 2017 with an investment of c. €1.4m and 47 tours were supported in a wide range of artforms and practice.

The new agreement between the Arts Council and local Government (Framework for Collaboration) specifies that our shared investment should be optimised and this led to the commissioning of a review of the venues' infrastructure that will propose means of supporting the built infrastructure jointly over the next number of years. The report is expected to be completed by mid-2018.

ag artsandhealth.ie, Create agus Tionscnamh Ealaíon i Meabhairshláinte, Sligeach. Bhí imeacht alumni de chuid Arts & Disability Ireland ar siúl freisin d'ealaíontóirí ar bronnadh dámhachtain orthu faoi scéim na Comhairle Ealaíon, Ceangal na nEalaíon agus an Mhíchumais, lá líonraithe náisiúnta Create, bhí cur is cúiteamh freisin faoi thodhchaí an téatair dhúghrinn in Éirinn le Festabit agus cuireadh roinnt seisiún eolais ar siúl go náisiúnta maidir leis an Dámhachtain Sparánachta don Rannpháirtíocht sna hEalaíona.

Léiríonn na clár seo ár dtiomantas fadtéarmach na healaíona a thabhairt chuig lucht féachana agus rannpháirtithe éagsúla agus gach duine a éascú chun na healaíona a rochtain.

Ionaid Tionóil

Tá níos mó i gceist le hionaid tionóil ná díreach áiteanna ina ndéantar ealaín, is áiteanna iad don phobal, don chomhoibriú agus do thacaíocht do na healaíona. Is comhartha follasach iad de na healaíona sa phobal agus i gcuid mhaith cásanna comhartha an-luachmhar den chomhoibriú idir an rialtas áitiúil agus an Chomhairle.

Cuireadh os cionn €5.5 milliún ar leataobh in 2017 chun tacú le 48 ionad tionóil agus leis an gcompántas acmhainne do na taibhealaíona, Theatre Forum. Cuireadh an maoiniú sin i dtreo fóirdheontais do chlár ealaíon ghairmiúla san earnáil den chuid is mó, agus fuair roinnt ionad tacaíocht freisin chun príomhchostais a chumhdach. Coinníodh tacaíocht an údarais áitiúil do na hionaid chéanna (ar leis na húdarais áitiúla iad den chuid is mó) agus méadaíodh an maoiniú i roinnt cásanna.

Bhain an earnáil leas as clár caipitil a chuir an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ar fáil inar díródh ar fhoirgnimh reatha a chothabháil cé go ndearnadh roinnt infheistíochta chun athchóiriú mór a dhéanamh ar fhoirgnimh mar shaoráidí ealaíon.

Léiríodh an chéad bhliain iomlán de straitéis na Comhairle Ealaíon, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, sa bhéim leanúnach atá á cur le blianta beaga anuas ar dheiseanna a chruthú d'ealaíontóirí saothar a dhéanamh in ionaid tionóil. Is féidir leis sin a bheith trí chónaitheachtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla (go minic le cabhair ó scéimeanna a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon i ndamhsa, téatar agus na hamharc-ealaíona), trí shaoráidí oifige agus spásanna oibre agus tacaíocht riaracháin a chur ar fáil.

Spreagadh comhoibriú idir léiritheoirí agus ionaid tionóil trí thionscnaimh éagsúla, a bhí le feiceáil nuair a glacadh le hardán camchuartha gréasáin trí Theatre Forum a éascóidh rannpháirtíocht idir iad siúd go léir san earnáil atá freagrach as saothar a phleanáil agus a chur i láthair.



Above: Sheila Pratschke, Minister Heather Humphreys and Orlaith McBride at the 'Open Call' Awards Announcement. Photographer: Maxwells.

Thuas: Sheila Pratschke, An tAire Heather Humphreys agus Orlaith McBride ag Fógairt na nDámhachtainí 'Gairmeacha Oscailte'. Grianghrafadóir: Maxwells.

Right: Daphne Wright, *Domestic Shrubbery*, Emotional Archeology exhibition RHA Gallery, January/February 2017. Photograph: Courtesy of the artist and Frith Street Gallery, London.

Ar dheis: Daphne Wright, *Domestic Shrubbery*, taispeántas ar an tSeandálaíocht Mhothúcháin, Gailearaí an Acadaimh Ibeirigh Ríoga, Eanáir/Feabhra 2017. Grianghraf: Cúirtéis den ealaíontóir agus Gailearaí Frith Street, Londain.



Funded by a partnership of Údarás na Gaeltachta and the Arts Council, Ealaín na Gaeltachta continued its support to artists and the public in Gaeltacht areas through its own funding programmes. Its infrastructural support programme includes organisations such as Áras Éanna (Inis Oírr), An Lab (Daingean), Ceardlann na gCroisbhealach (Gaoth Dobhair) and Fíbín (Gaillimh). It also offered funding programmes for festivals and bursaries for individual artists.

In collaboration with local authorities and NUIG, Ealaín na Gaeltachta was successful in its application to the Invitation to Collaboration scheme. The proposed project – The Hare's Corner (Cúinne an Ghiorria) – focuses on the development of professional Irish language theatre within each of the Donegal, Galway and Kerry Gaeltacht areas.

Riaradh trí scéim chamchuaire le haghaidh 2017 le hinfheistíocht de thart ar €1.4 milliún agus tugadh tacaíocht do 47 camchuaire i raon leathan foirmeacha agus cleachtais ealaíne.

Sonraítear sa chomhaontú nua idir an Chomhairle Ealaíon agus an rialtas áitiúil (Creatlach don Chomhoibriú) gur chóir ár gcomhinfheistíocht a bharrfheabhsú agus dá bharr sin coimisiúnaíodh athbhreithniú ar bhonneagar na n-ionad tionóil lena molfar bealaí chun tacú leis an mbonneagar tógtha go comhpháirteach sna cúpla bliain seo romhainn. Táthar ag súil go dtabharfar an tuarascáil chun críche faoi lár na bliana 2018.

Lean Ealaín na Gaeltachta lena tacaíocht d'ealaíontóirí agus don phobal i limistéir Ghaeltachta trína cláir maoinithe féin, agus i á maoiniú ag comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon. Áirítear lena clár tacaíochta bonneagair eagraíochtaí mar Áras Éanna (Inis Oírr), An Lab (An Daingean), Ceardlann na gCroisbhealach (Gaoth Dobhair) agus Fíbín (Gaillimh). Thairg sí cláir mhaoinithe d'fhéilte freisin agus sparánachtaí d'ealaíontóirí aonair.

I gcomhar le húdaráis áitiúla agus OÉG, d'éirigh le Ealaín na Gaeltachta ina hiarratas ar an scéim Cuireadh chun Comhoibrithe. Dirítear sa tionscadal beartaithe – The Hare's Corner (Cúinne an Ghiorria) – ar amharclannaíocht ghairmiúil i nGailge a fhorbairt laistigh de na ceantair Ghaeltachta go léir i nDún na nGall, i nGaillimh agus i gCiarraí.

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

4

Festivals and Events

Festivals are an essential way for the arts to thrive in, embed in, and reach communities. They are part of the life-blood of the host community and a signifier of identity. People come from near and far when a place is in-festival. Preparation ensues for months. Bonds are made not just between art and audience but between people who might otherwise never meet or interact. In festivals there are not only platforms for art, there are opportunities for myriad artforms in ways that single venues can seldom enable. Festivals have a richness and an on-street vibrancy that make them one of the most valued ways the Arts Council has of reaching out to and growing our audience.

The Arts Council's role is to advocate for a diverse and varied arts festival ecology. We want to provide a chain of funding that effectively supports and actively encourages. We aim for models of national and international significance and best practice. We want to increase opportunities for public engagement, to develop the work of artists and artforms, and to ensure festival programmes are engaged with and relevant to the local community.

In 2017, this was achieved by funding 155 small festivals across the State in every county and every artform. Additionally, 22 local authorities were funded to support festivals taking place in their localities.

To support festivals and the priority the Council attaches to them we undertook a review of the Festival and Events Scheme which resulted in the introduction of the Festivals Investment Scheme (FIS). This is a recalibrated funding stream (focused on strategic investment for small festivals and providing opportunities for their capacity building) aligned to the Arts Council's *Making Great Art Work* strategy. The new scheme launched in October 2017 with an increased budget commitment of €1.4 million.

Féilte agus Imeachtaí

Tá géarghá le féilte ionas go mbeidh na healaíona faoi bhláth i bpobail, agus chun iad a neartú sna pobail sin agus go deimhin chun pobail eile a shroicheadh. Is ar fhéilte a mhaireann an pobal ina mbíonn siad á n-óstáil agus is iad na féilte comhartha aitheantais na bpobal sin. Tagann daoine i bhfad is i ngearr chun féile a fheiceáil. Bíonn na hullmhúcháin ar bun ar feadh míonna. Ní hamháin go ndéantar ceangal idir an ealaín agus lucht féachana ach cruthaítear caidreamh freisin idir daoine nach gcasfaí ar a chéile go deo murach iad. Ní hamháin go mbíonn ardáin i gcomhair ealaíne i bhféilte, ach bíonn deiseanna freisin le haghaidh éagsúlacht foirmeacha ealaíne ar bhealaí nach féidir le hionaid tionóil aonair a sholáthar. Tá saibhreas ag baint le féilte, agus beocht sráide a fhágann gurb iad na féilte na bealaí is luachmhaire atá ag an gComhairle chun dul i bhfeidhm ar ár lucht féachana, agus é a fhás.

Is é ról na Comhairle Ealaíon oibriú ar son réimse féile ealaíon éagsúil agus difriúil. Táimid ag iarraidh slabhra maoinithe a chur ar fáil a thugann tacaíocht éifeachtach agus a spreagann go gníomhach. Dírimid ar shamhlacha tábhachta agus dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Táimid ag iarraidh deiseanna do rannpháirtíocht an phobail a mhéadú, saothar ealaíontóra/foirm ealaíne a fhorbairt, cláir féile atá ag obair leis an bpobal áitiúil, agus ábhartha dó.

Rinneadh é sin in 2017 tráth ar maoiníodh 155 féile beag ar fud na hÉireann i ngach contae agus gach foirm ealaíne. Ina theannta sin, tugadh maoiniú do 22 Údarás Áitiúil le tacú le féilte atá ar siúl ina gceantair áitiúla.

D'fhonn tacú le féilte agus an tosaíocht a thugann an Chomhairle dóibh rinneamar athbhreithniú ar Scéim na bhFéilte agus na nImeachtaí agus de bharr an athbhreithnithe sin tugadh isteach Scéim Infheistíochta na bhFéilte. Seo sruth maoinithe athchalabraithe (dírithe ar infheistíocht straitéiseach d'fhéilte beaga agus chun deiseanna a chur ar fáil dá dtógáil cumais) ailínithe do straitéis na Comhairle Ealaíon, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*. Seoladh an scéim nua i mí Dheireadh Fómhair 2017 le tiomantas buiséad méadaithe €1.4 milliún.

Local Arts

Our partnership with local authorities has been in existence since 1985. It has developed and evolved over the years to ensure that the arts reach into communities and townlands right across Ireland. All local authorities were offered an 8.4% increase in funding in 2017.

After the Arts Council, local authorities are the second biggest funder of the arts in Ireland; €37,096,032 in 2017, a 7% increase on 2016. As a result, our relationship with Local Authorities is on the basis of a strategic partnership, with a ten-year agreement *A Framework for Collaboration*, which is different than that of many other funded organisations.

In January 2017, arising from *A Framework for Collaboration*, the inaugural *Places Matter* conference took place in Dublin Castle. The theme, 'What happens when we invest in the arts?', was attended by a capacity 320 delegates and included keynote speakers such as Simon Coveney TD (then Minister for Housing, Planning and Local Government), and two prominent academics who have written extensively on the issue of cultural value, Prof Geoffrey Crossick and Prof John O'Hagan. The conference also included contributions and policy approaches from the NPF, ESRI and CSO alongside case studies and artistic contributions, notably Emmet Kirwan's *Heartbreak* and the Past Times Community Choir from Naas.

Other work developed by the Arts Council / Local Government Working Group and Management Liaison Group included developing the first phase of individual agreements with five local authorities, the joint venues review in which a consultancy company was contracted and on planning the next biennale conference in January 2019.

The second round of the funding scheme, *An Invitation to Collaboration*, for ambitious and strategic local authority regional projects, was launched in June in dlr Lexicon in Dún Laoghaire. Six regional projects received total funding of €212,000, involving 10 local authorities, universities, arts organisations and international partners. This covered development in areas such public art, research on local government arts provision, music, youth arts and dance and health. The overwhelming majority of projects address key strategic objectives such as hard to reach communities, diversifying and growing audiences.

Ealaíona Áitiúla

Tá comhpháirtíocht againn le húdaráis áitiúla ó 1985. D'fhorbair sí agus tháinig sí chun cinn thar na blianta lena chinntiú go bhfuil na healaíona ar fáil i bpobail agus i mbailte fearainn ar fud na hÉireann. Tairgeadh méadú 8.4% do gach údarás áitiúil in 2017.

I ndiaidh na Comhairle Ealaíon, is iad na húdaráis Áitiúla an dara maoinitheoir is mó do na healaíona in Éirinn; agus thug siad €37,096,032 in 2017, méadú 7% ar 2016. Mar thoradh air sin, is ar bhonn comhpháirtíocht straitéiseach ár gcaidreamh le húdaráis Áitiúla, le comhaontú deich mbliana *Creatlach don Chomhoibriú*, atá difriúil le hais sin atá ag go leor eagraíochtaí eile a fhaigheann maoiniú.

In 2017, ag éirí ó *Creatlach don Chomhoibriú*, bhí an chéad chomhdháil *Tá Tábhacht le hÁiteanna* ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir 2017 agus toscaireacht de 320 duine ag freastal air. Áiríodh leis an téama, 'cad a tharlaíonn nuair a infheistimid sna healaíona?' príomhchainteoirí mar Simon Coveney TD (an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag an am), an tOllamh Geoffrey Crossick agus an tOllamh John O'Hagan a bhfuil lear mór scríofa ag an mbeirt acu ar fiúntas an chultúir. Mar chuid den chomhdháil freisin bhí píosaí agus cuir chuige beartais ó leithéidí An Creat Náisiúnta Pleanála, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an Phríomh-Oifig Staidrimh mar aon le cás-staidéir agus míreanna ealaíne, eadhon *Heartbreak* de chuid Emmet Kirwan agus an Past Times Community Choir as an Nás.

I measc obair eile a rinne Grúpa Oibre na Comhairle Ealaíon / Rialtas Áitiúil agus an Grúpa Idirchaidrimh Bainistíochta rinneadh forbairt ar an gcéad chéim de chomhaontuithe aonair le cúig údarás áitiúil, an t-athbhreithniú comhpháirteach ar ionaid tionóil inar tugadh an conradh do chuideachta comhairliúcháin agus rinneadh an obair phleanála don chéad chomhdháil dhébhlantúil eile i mí Eanáir 2019.

Seoladh an dara babhta den scéim maoinithe, *Cuireadh chun Comhoibrithe*, i mí Meithimh in dlr Lexicon i gcomhair tionscadail réigiúnacha uailmhianacha agus straitéiseacha na n-údarás áitiúil. Maoiníodh sé thionscadal réigiúnacha, lena bhain 10 n-údarás áitiúla, ollscoil agus eagraíochtaí ealaíne agus comhpháirtithe idirnáisiúnta arbh fhiú €212,000 iad. Cumhdaíodh leis sin forbairt i réimsí cosúil le healaín phoiblí, taighde ar sholáthar ealaíon an rialtais áitiúil, ceol, ealaíona na n-óg agus damhsa agus sláinte. I bhformhór na dtionscadal sin tugtar aghaidh ar phríomhchuspóirí straitéiseacha amhail pobail a bhfuil sé deacair teacht orthu, agus an lucht féachana/éisteacht a éagsúlú agus a fhás.

Aisling Ní Cheallaigh of Fidget Feet (Ireland) and Katla Þórarinsdóttir of Bird & Bat (Iceland) perform early years show *Strange Feathers* as part of a 2017 Irish tour. Photographer: Vitalij Kazackov.

Aisling Ní Cheallaigh de Fidget Feet (Éire agus Katla Þórarinsdóttir de Bird & Bat (Íoslainn) a chomhlíonadh Taispeáin Cleiteanna Stranna sna luathbhlianta mar chuid de thuras na hÉireann 2017. Grianghrafadóir: Vitalij Kazackov.





Above Left: Chris Doris *The Space Between*, *Who Goes There* Installation. Limerick City Gallery of Art, June/August 2017. Photographer: Eamonn O'Mahony.

Thuas ar chlé: *The Space Between* le Chris Doris, píosa ealaíne suiteála de chuid *Who Goes There*. Dánlann Chathair Luimnigh, Meitheamh/Lúnasa 2017. Grianghrafadóir: Eamonn O'Mahony.

Above Right: Professor Paula Meehan, Professor Nuala Ní Dhomhnaill, The Ireland Chair of Poetry, Eiléan Ní Chuilleanáin, Professor Harry Clifton at the Ireland Chair of Poetry lectures launch in The Royal Irish Academy November 2017. Photographer: Conor Healy.

Thuas ar dheis: An tOllamh Paula Meehan, An tOllamh Nuala Ní Dhomhnaill, Cathaoirleach Ollúnacht Éigse Éireann, Eiléan Ní Chuilleanáin, An tOllamh Harry Clifton ag seoladh léachtaí de chuid Ollúnacht Éigse Éireann in Acadamh Ríoga na hÉireann, Samhain 2017. Grianghrafadóir: Conor Healy.

Centre: *I'm Not Here* TheatreClub at Dublin Theatre Festival, October 2017. Photographer: Dorje de Burgh.

Sa lár: *I'm Not Here* TheatreClub ag Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2017. Grianghrafadóir: Dorje de Burgh.

Below: *Urban Oratorio* Upstate Theatre Project, Drogheda Arts Festival, May 2017. Photographer: Jenny Matthews.

Thíos: *Urban Oratorio* Upstate Theatre Project, Féile Ealaíon Dhroichead Átha, Bealtaine 2017. Grianghrafadóir: Grianghrafadóireacht Jenny Matthews.



Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

8

International Work

Partnerships, collaborations and exchanges are central to the work of artists and arts organisations supported by the Arts Council. Irish arts organisations have a long tradition of platforming and showcasing international work in Ireland, and Irish work in Europe and around the world.

In the area of international arts, the Arts Council hosts the Creative Europe Desk Ireland (CEDI) – Culture Office. The office provides information, advice and technical assistance to culture organisations in Ireland interested in applying to the Creative Europe – Culture Sub-programme, with a view to facilitating as many Irish applicants as possible.

In 2017, eight Irish organisations were involved in successful projects as co-partners with a combined direct Irish grant allocation of just under €624,000:

- West Cork Music: *Reading for Enjoyment, Achievement and Development of Young People*
- Wexford Festival Trust: *Opera Vision*
- The National Print Museum: *Creative Makers: kids' fablabs for letterpress and printing*
- Fidget Feet: *Vertical Dance Forum*
- Cork Midsummer Festival: *Circus250: Diverse, Real, Physical*
- Glucksman Art Gallery: *Voyage Inside a Blind Experience*
- Limerick Institute of Technology: *Women Equal Share: Presence in the Arts and Creative Industries*
- Dublin City University: *Gender Identity: Child Readers and Library Collection*

In 2017 the Arts Council offered a co-funding award for those projects that were successful in securing European funding under the Co-operation Projects Strand of the Creative Europe Culture Sub-Programme 2017. The primary objective of the award is to provide a national co-funding mechanism to support a percentage of the costs associated with the Irish artistic elements of the projects. Following a competitive process, four awards were made totalling €137,900.

In the area of literary translations, Dalkey Archive Press was successful in securing support under the Creative Europe Programme and was awarded €90,544.

Throughout the year, the CEDI Culture Office hosted and took part in 16 events across the country including: a panel and networking event in The Ark in Dublin; the Cork Printmakers International Symposium in Cork; the Irish Museums Association Annual Conference in Galway; the

Obair Idirnáisiúnta

Tá comhpháirtíochtaí, comhoibrithe agus malartú lárnach i saothar na n-ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí ealaíon a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon leo. Tá traidisiún fada ag eagraíochtaí ealaíon na hÉireann de shaothar idirnáisiúnta a chur ar ardán agus ar taispeáint in Éirinn, agus saothar Éireannach a chur ar ardán agus ar taispeáint san Eoraip agus ar fud an domhain.

I réimse na n-ealaíon idirnáisiúnta, óstálann an Chomhairle Ealaíon Deasc na hEorpa Cruthaithí Éireann – Oifig Cultúir. Soláthraíonn an oifig faisnéis, comhairle agus cúnamh teicniúil d'eagraíochtaí cultúir in Éirinn ar suim leo iarratas a dhéanamh ar an bhFochlár Cultúir, an Eoraip Chruthaitheach, chun a oiread iarratasóirí Éireannacha agus is féidir a éascú.

In 2017, bhí ocht n-eagraíocht Éireannacha páirteach i dtionscadail rathúla mar chomhpháirtithe inar bronnadh leithdháileadh deontais Éireannach díreach faoi bhun €624,000 orthu:

- West Cork Music: *Léamh ar mhaithe le Taitneamhacht, Éacht agus Forbairt Daoine Óga*
- Iontaobhas Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman: *Fís Cheoldrámaíochta*
- Músaem Náisiúnta Cló na hÉireann: *Déantóirí Cruthaitheacha: saotharlanna do leanaí i gcomhair litirphreas agus priontáil*
- Fidget Feet: *Fóram Damhsa Ingearach*
- Féile Lárshamhraidh Chorcaí: *Circus250: Éagsúil, Fíor, Fisiciúil*
- Dánlann Glucksman: *Turas i dTaithí Dhall*
- Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh: *Sciar Cothrom do Mhná: Láithreachta sna Tionscail Ealaíon agus Chruthaitheacha*
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: *Aitheantas Inscne: Léitheoirí Leanaí agus Bailiúchán Leabharlainne*

In 2017, thairg an Chomhairle Ealaíon dámhachtain chómhaoinithe i gcomhair tionscadal ar éirigh leo maoiniú Eorpach a fháil faoi Shnáithe Tionscadal Comhoibrithe an fhochláir Cultúir, an Eoraip Chruthaitheach 2017. Is é príomhchuspóir na dámhachtana sásra náisiúnta cómhaoinithe a chur ar fháil chun tacú le céatadán de na costais a bhaineann le gnéithe ealaíonta Éireannacha na dtionscadal. Tar éis próiseas iomaíoch, rinneadh ceithre dhámhachtain dar luach iomlán €137,900.

I réimse na n-aistriúcháin liteartha, d'éirigh le Dalkey Archive Press tacaíocht a fháil faoin gclár, An Eoraip Chruthaitheach agus bronnadh €90,544 orthu.

Federation for European Storytellers Conference in Louth; a meeting of heritage officers in Kilkenny; and a discussion on building international relationships in collaboration with Waterford Spraoi Festival.

The Culture Office collaborated with the Creative Europe Desk UK on an event held during the Edinburgh Arts Festival in August. While in Edinburgh the Culture Office attended a networking event organised by Culture Ireland and met with the British Council.

In November, the Culture Office hosted an intensive application workshop for those Irish organisations that plan to make an application to Creative Europe under the Cooperation Projects strand. Thirty-one individuals from 21 organisations attended.

During the course of the year, the Culture Office provided information and advice to more than 173 individuals and organisations from the culture sector as part of its email, phone and meeting service.

The Arts Council's Travel and Training Award primarily supports artists who wish to avail of training and other professional development opportunities abroad. In 2017, 273 awards were made to a total value of €323,023 to artists practising across a range of artforms and disciplines including Arts Participation, Dance, Literature, Music, Theatre and Visual Arts.

In other areas, the Arts Council devised a new international arts policy in the course of 2017 and, when published in 2018, this will outline key actions and interventions to support international arts practice over the next three years.

Le linn na bliana rinne Oifig Cultúir CEDI 16 imeacht a thionól agus ghlac siad páirt iontu ar fud na tíre. Áirítear orthu sin: imeacht painéil agus líonraithe san Ark i mBaile Átha Cliath; Siompóisiam Idirnáisiúnta do Dhéantóirí Prionta i gCorcaigh; Comhdháil Bhliantúil Chumann na Músaem Éireannach i nGaillimh; Comhdháil Chónaidhm Scéalaithe na hEorpa i Lú; cruinniú d'oifigh oidhreacht a i gCill Chainnigh agus plé ar chaidrimh idirnáisiúnta a fhorbairt i gcomhar le Féile Spraoi Phort Láirge.

D'oibrigh an Oifig Cultúir i gcomhar le Deasc na hEorpa Cruthaithí sa Ríocht Aontaithe ar imeacht a bhí ar siúl i rith Fhéile Ealaíon Dhún Éideann i mí Lúnasa. Fad is a bhí siad i nDún Éideann d'fhreastail an Oifig Cultúir ar imeacht líonraithe a d'eagraigh Cultúr Éireann agus bhuail sí le Comhairle na Breataine.

I mí na Samhna, d'óstaigh an Oifig Cultúir diancheardlann ar iarratais d'eagraíochtaí in Éirinn atá ag beartú iarratas a dhéanamh ar Eorpa Chruthaitheach faoi shnáithe na dTionscadal Comhoibrithe. D'fhreastail tríocha is a haon duine as 21 eagraíocht ar an gceardlann.

I rith na bliana, chuir an Oifig Cultúir faisnéis agus comhairle ar os cionn 173 duine aonair agus eagraíocht ón earnáil cultúir mar chuid dá seirbhís ríomhphoist, ghutháin agus chruinnithe.

Tacaíonn Dámhachtain Taistil agus Oiliúna na Comhairle Ealaíon go príomha le healaíontóirí ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus as deiseanna forbartha gairmiúla eile thar lear. In 2017, rinneadh 273 dámhachtain arbh fhiú €323,023 ar an iomlán iad le healaíontóirí atá ag cleachtadh thar raon foirmeacha ealaíne agus disciplíní lena n-áirítear Rannpháirtíocht sna hEalaíona, Damhsa, Litríocht, Ceol, Téatar agus na hAmharc-ealaíona.

I réimsí eile, cheap an Chomhairle Ealaíon beartas nua idirnáisiúnta do na healaíona i rith 2017 agus, nuair a fhoilseofar an beartas in 2018, tabharfar cuntas ann ar na príomhghníomhartha agus idirghabhálacha a úsáidfear chun tacú le cleachtas ealaíon idirnáisiúnta sna trí bliana seo romhainn.

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

10

ArtForms

Architecture

In 2017 the most significant development in architecture in Ireland was the consolidation and development of socially engaged practice in architecture combined with the continued recognition of architects nationally and internationally through awards and appointments. The Council continued to support individual architects through the Bursary Award and Travel and Training Awards.

The Council continued in its commitment to support the public's engagement with architecture through funding the Irish Architecture Foundation and through its Engaging with Architecture Scheme. In 2017 and for the first time, two architects were funded under the Next Generation Bursary, Aisling McCoy and Tara Kennedy.

Highlights during the year included Yvonne Farrell and Shelley McNamara of Grafton Architects being appointed as overall Curators of the 16th International Venice Biennale (taking place 2018). Their chosen theme for the Biennale will be *freespace*. This appointment represents a significant moment in Irish architecture and Irish culture as this is the first time any artist from Ireland has been appointed curator of La Biennale.

Culture Ireland in partnership with the Arts Council announced the appointment of a collective of architects to represent Ireland at the 16th International Venice Biennale (taking place 2018). The collective, working under the title *Free Market*, will present an exhibition about market squares in a number of Irish towns.

The National Gallery of Ireland was re-opened in 2017 to critical success. The Gallery's renovation and redesign was overseen by Irish architects Heneghan Peng. The same practice was also shortlisted for World Building of the Year for the The Palestinian Museum, Birzeit, Palestine.

Two Irish buildings by two Irish practices (Donaghy Dimond and TAKA) were shortlisted for the 2017 European Union Prize for Contemporary Architecture – Mies van der Rohe Award. The Council supported the Irish Architecture Foundation to run a new, annual conference, *Beyond Participation*. A number of national and international speakers travelled to take part in talks and debates on socially engaged architectural practice.

Foirmeacha ealaíne

Ailtireacht

In 2017 ba é an mórfhorbairt ba mhó san ailtireacht in Éirinn comhdhlúthú agus forbairt cleachtais teagmhála sóisialta san ailtireacht mar aon leis an aitheantas leanúnach a tugadh d'ailtirí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí dhámhachtainí agus ceapacháin. Lean an Chomhairle Ealaíon ag tacú le hailtirí aonair trí na Dámhachtainí Sparánachta agus na Dámhachtainí Taistil agus Oilíúna.

Lean an Chomhairle dá tiomantas tacú le rannpháirtíocht an phobail le hailtireacht trí mhaoiniú d'Fhoras Ailtireachta na hÉireann agus trína Scéim Rannpháirtíochta san Ailtireacht. Den chéad uair in 2017, tugadh maoiniú do bheirt ailtirí faoin Sparánacht An Chéad Ghlúin Eile, Aisling McCoy agus Tara Kennedy.

I measc na mbuaicphointí ceapadh Yvonne Farrell agus Shelley McNamara as Grafton Architects mar Choimeádaithe foriomlána ar 16ú Biennale Idirnáisiúnta na Veineise (ar siúl in 2018). Ba freespace (saorspás) a roghnaíodh mar théama don Biennale. Léiriú é an ceapachán sin ar phointe cinniúnach in ailtireacht na hÉireann agus i gcultúr na hÉireann toisc gurb é seo an chéad uair ag aon ealaíontóir as Éirinn a bheith ceaptha mar choimeádaí ar La Biennale.

D'fhógair rannán Chultúr Éireann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, go raibh grúpa ailtirí ceaptha chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag an 16ú Biennale Idirnáisiúnta sa Veineis (ar siúl in 2018). Cuirfidh an grúpa a bheidh ag obair faoin teideal *Free Market* (Saormhargadh), taispeántas i láthair ar chearnóga margaidh i roinnt bailte Éireannacha.

Athosclaíodh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann in 2017 agus d'éirigh thar barr leis. Rinne na hailtirí Éireannacha Heneghan Peng maoirsiú ar athchóiriú agus athdhearadh an Ghailearaí. Cuireadh an cleachtas céanna ar an ngearrliosta freisin le haghaidh Foirgneamh Domhanda na Bliana do Mhúsaem na Palaistíne, Birzeit, An Phalaistín.

Cuireadh dhá fhoirgneamh Éireannacha le dhá chleachtas Éireannacha (Donaghy Dimond agus TAKA) ar an ngearrliosta i gcomhair Dhuais an Aontais Eorpaigh um Ailtireacht Chomhaimseartha 2017 – Dámhachtain Mies van der Rohe. Thug an Chomhairle tacaíocht d'Fhoras Ailtireachta na hÉireann chun comhdháil bhliantúil nua, *Beyond Participation*, a reáchtáil. Thaistil roinnt cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun páirt a ghlacadh i gcainteanna agus i ndíospóireachta ar chleachtas ailtireachta atá gníomhach go sóisialta.

Circus, Street and Spectacle

In February the Irish Aerial Creation Centre, home of Fidget Feet, received €350,000 from Creative Ireland to support the development of the centre into a national space for aerial arts in Ireland, with a commitment from the Limerick City & County Council to match-fund the project to a similar amount. The Irish Street Art, Circus and Spectacle Network continued to push its programme of sectoral development initiatives, collaborating with a number of other well-established cultural organisations such as Spraoi, Cork Midsummer, the Irish World Academy of Music & Dance, and the National Circus Festival of Ireland to deliver supports for emerging and established artists in the sector.

With the departure of their long-time general manager, Macnas have embarked on a process of organisational review and policy renewal, culminating in the creation of the new position of Executive Producer which has been filled by Emma Hannon, formerly of Science Gallery Dublin, Dublin Fringe Festival and The Ark. Following unexpected developments, it has become extremely difficult, verging on impossible, for a vast section of the professional CSAS community to secure insurance cover to offer training in skills that involve exercising at a height of over 1.5 metres from the floor. During a process of investigation lead by The Irish Street Arts, Circus & Spectacle Network (ISACS), it became clear that the implications are significant, possibly forcing many practitioners to close down their operations, thereby severely damaging over ten years of growth and investment into this new and emerging sector.

The Arts Council offered a number of funding schemes as advertised through the various organisational platforms that were designed to support the creation of new work and the development of the sector, including awards for Bursaries, Projects, Touring, Strategic Funding and Travel & Training. In addition to offering access to these funding schemes, a Funding Clinic, run in association with the ISACS Network, was held at the Arts Council offices on Merrion Square. This focused on offering practitioners information about the overall application process. Feedback from this session was very positive and it served to further develop conversations with those working in the sector.

At this year's Waterford Spraoi International Street Arts Festival a number of premieres by artists from both Ireland and abroad were presented. Spraoi continued its work in developing emerging talent through its DELVE partnership with the ISACS Network. This relationship was furthered by the inclusion of an international delegation of European funding and festival representatives, co-hosted with ISAN of the UK, which culminated in a seminar session that allowed Irish artists and international delegates to explore a range

Sorcas, Sráidealaín agus Seónna

I mí Feabhra fuair an Irish Aerial Creation Centre, an áit ina bhfuil Fidget Feet lonnaithe, €350,000 ó chlár Éire Ildánach na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta chun tacú le forbairt an ionaid mar spás náisiúnta do na healaíona aeir in Éirinn, agus tiomantas ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go meaitseálfaí an tionscadal le suim den chineál céanna. Lean Líonra na hÉireann don Ealaín Sráide, Sorcas agus Taibhléiriú ag déanamh poiblíochta ar a chlár de thionscnaimh forbartha na hearnála, ag comhoibriú le roinnt eagraíochtaí cultúir eile atá ar an bhfód le fada, leithéidí Spraoi, Féile Lársamhraidh Chorcaí, Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceoil, agus Féile Náisiúnta Sorcais na hÉireann chun tacaíochtaí a sholáthar d'ealaíontóirí éiritheacha agus bunaithe san earnáil.

Le himeacht bhainisteoir ginearálta Macnas a bhí ag obair leo le fada, thug Macnas faoi phróiseas athbhreithnithe eagraíochta agus athnuachana beartais, agus dá bhall sin tá post nua mar Léiritheoir Feidhmiúcháin cruthaithe agus is í Emma Hannon, a bhí ag obair i nGailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath, Féile Imeachach Bhaile Átha Cliath agus The Ark roimhe seo a fuair an post sin. Tar éis rudaí a tharla gan choinne, tá sé an-deacair, agus beagnach dodhéanta, do chuid mhór den phobal CSAS gairmiúil cumhdach árachais a fháil chun oiliúint a thairiscint i scileanna a bhaineann le haclaíocht a dhéanamh ag breis is 1.5 méadar ón urlár. I rith próiseas imscrúdaithe faoi stiúir ISACS, ba léir go bhfuil impleachtaí suntasacha aige sin, agus go bhféadfadh sé brú a chur ar go leor cleachtóirí a gcuid oibríochtaí a dhúnadh ar fad, rud a dhéanadh damáiste tromchúiseach don fhás agus don infheistíocht a bhí déanta san earnáil nua éiritheach seo le deich mbliana anuas.

Thairg an Chomhairle Ealaíon roinnt scéimeanna maoinithe mar a bhí fógartha ar na hardáin éagsúla a bhí ceaptha chun tacú le cruthú saothair nua agus le forbairt na hearnála, lena n-áirítear dámhachtainí i gcomhair Sparánachtaí, Tionscadal, Camchuaiteanna, Maoiniú Straitéiseach agus Taisteal & Oiliúint. Chomh maith le rochtain a thabhairt ar na scéimeanna maoinithe sin, bhí clínic faoi chúrsaí maoinithe i gcomhar le Líonra ISACS, ar siúl ag oifigí na Comhairle Ealaíon ar Chearnóg Mhuirfean. Dhírigh sé sin ar fhaisnéis a thabhairt do chleachtóirí faoin bpróiseas iarratais foriomlán. Bhí aiseolas ón seisiún seo an-dearfach agus chuidigh sé le comhráite a fhorbairt tuilleadh leo siúd a oibríonn san earnáil.

Ag Féile Sráidealaíon Idirnáisiúnta Spraoi Phort Láirge i mbliana cuireadh roinnt léirithe i láthair den chéad uair ó ealaíontóirí as Éirinn agus thar lear. Lean Spraoi dá cuid oibre ag forbairt tallainne atá ag teacht chun cinn trína comhpháirtíocht DELVE leis an Líonra ISACS. Rinneadh forbairt bhreise ar an gcaidreamh sin trí thoscaireacht

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

12

of topics relating to arts practise, international performance and professional development.

Tom and Jamie Duffy of Duffy's Circus not only performed as the headline act in the company's annual touring production, but also received invitations to perform abroad in various International Circus Festivals, winning awards such as the Gold Award at the Grand Prix der Artisten in January 2017. The National Circus Festival of Ireland embarked on an ambitious programme of workshops and performances, creating an energetic platform that allowed professional and emerging artists to engage both with each other and with work and training of a very high standard. The NCFI also hosted a number of seminar sessions in collaboration with the ISACS Network that helped further a wider discussion about the nature of the CSAS sector in Ireland, professional opportunities, areas of further development and paths to collaboration.

Fidget Feet's Irish Aerial Dance Fest produced its eighth year of festival and continues to provide the highest standard of training and performance in aerial arts available anywhere in the country. The company also conducted a highly successful nationwide tour of its aerial show for young people, *Strange Feathers*. This was accompanied by their participation in the EU-funded School of Spectacle project, led by the internationally renowned spectacle company, Walk the Plank.

idirnáisiúnta d'ionadaithe maoinithe agus féilte as an Eoraip a chur san áireamh, á comhóstáil le ISAN sa Ríocht Aontaithe, agus dá bharr sin ar fad tionóladh seisiún seimineáir ag ar tugadh deis d'ealaíontóirí Éireannacha agus do thoscairí idirnáisiúnta iniúchadh a dhéanamh ar raon topaicí a bhaineann le cleachtas ealaíon, le taibhiú idirnáisiúnta agus le forbairt ghairmiúil.

Ní hamháin go raibh Tom agus Jamie Duffy as Sorcas Duffy ar an stáitse mar phríomh-aíonna i léiriú camchuairte bliantúil an chompántais, ach fuair siad cuireadh freisin dul thar lear chuig Féilte Sorcais Idirnáisiúnta éagsúla, agus bhuaigh siad gradaim mar an Gradam Óir ag an Grand Prix der Artisten i mí Eanáir 2017. Thug Féile Náisiúnta Sorcais na hÉireann faoi chlár uailmhianach ceardlann agus taibhléirithe, ag cruthú ardán fuinniúil inar tugadh deis d'ealaíontóirí gairmiúla agus éiritheacha a bheith ag obair le chéile agus le saothar agus oiliúint ar chaighdeán an-ard. Bhí an NCFI i mbun roinnt seisiún seimineáir freisin i gcomhar leis an Líonra ISACS a chuidigh chun cur le plé i gcoitinne ar an earnáil CSAS anseo in Éirinn, ar dheiseanna gairmiúla, réimsí ina bhféadfaí forbairt bhreise a dhéanamh agus cosáin chun comhoibrithe a chruthú.

Léirigh Féile Damhsa Aeir Fidget Feet a féile den hochtú bliain as a chéile agus leanann ag soláthar an chaighdeáin oiliúna agus taibhithe is airde sna healaíona aeir atá ar fáil in aon áit sa tír. Chuaigh an compántas ar camchuairt náisiúnta a raibh an-rath uirthi leis an seó aerga do dhaoine óga, *Strange Feathers* freisin. Ghlac siad páirt i dtionscadal Scoil na Seónna a mhaoiníonn AE freisin, ar a raibh an compántas móorthaibhsithe Walk the Plank a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi, i gceannas.

Dance

The creativity of choreographers working in Ireland was on show throughout 2017. They connected artists, venues and audiences across the nation and further afield. Imaginative new productions included David Bolger's *Body Language*, Jean Butler's *This is an Irish Dance*, Philip Connaughton's *Extraterrestrial Events*, Breandan de Gallaí's *Linger*, Colin Dunne's *Concert*, Jessica and Megan Kennedy's *Soldier Still*, Lucia Kickham's *Pulse*, Emma Martin's *Girl Song*, Luke Murphy's *The Dust We Raised*, Maria Nilsson Waller's *Merry Go Round*, Ludovic Ondiviela's *Giselle*, Liz Roche's *Totems*, and John Scott's *Everything Now*, amongst other impressive productions.

The growing role of dance festivals has been a positive development for the artform. Vibrant festivals connected to national and international artists are significant platforms for the development of dance in Ireland. 2017 was another successful year for Dublin Dance Festival, with high audience attendance and excellent critical response. The programme featured dynamic works from Austria, France, Greece, Italy, Spain, Sweden and Syria, and also provided the opportunity for local dance companies and artists to present daring new works. Other notable festivals included *Light Moves Festival of Screendance* in Limerick, the *Tipperary Dance Platform*, *Going Solo Together/Aonarach Le Chéile* in Kerry, and the *Hip Hop Dance Battle* in Dublin.

Throughout 2017 Dance was supported within the framework of the 10-year strategy *Making Great Art Work* and its policy priority areas of: The Artist, Public Engagement Investment Strategy, Spatial and Demographic Planning and Developing Capacity in particular.

The role of the independent dance artist was therefore central to this support. A wide variety of choreographers and performers were supported in their artistic growth and practice through the Arts Council's funding programmes, including Bursary and Next Generation Bursary Awards, Project Awards, Travel and Training Awards, Dance Artists Residence Scheme, Touring and Dissemination of Work Scheme, Festivals Investment Scheme and Invitation to Collaboration Scheme.

A balanced regional distribution of dance activities and supports remained a key priority. The work of four resource and services organisations (Cork, Dublin, Galway, Limerick) and two developmental organisations (Dublin and Longford) were critical in this regard. High quality touring engagements and small dance festivals have contributed. Additionally, 11 Dance Artists in Residence worked in various venues across Ireland and had significant impact on geographic spread and the sustainability of dance activities in the regions.

Damhsa

Bhí cruthaitheacht na gcóiréagrafaithe atá ag oibriú ar fud na hÉireann le feiceáil i rith 2017. Thug siad ealaíontóirí, ionaid tionóil agus lucht féachana ar fud na tíre agus in áiteanna níos faide i gcéin le chéile. Áirítear ar na léiriúcháin samhlaíocha nua *Body Language* le David Bolger, *This is an Irish Dance* le Jean Butler, *Extraterrestrial Events* le Philip Connaughton, *Linger* le Breandán de Gallaí, *Concert* le Colin Dunne, *Soldier Still* le Jessica agus Megan Kennedy, *Pulse* le Lucia Kickham, *Girl Song* le Emma Martin, *The Dust We Raised* le Luke Murphy, *Merry Go Round* le Maria Nilsson Waller, *Giselle* le Ludovic Ondiviela, *Totems* le Liz Roche, *Everything Now* le John Scott, i measc léiriúcháin iontacha eile.

Is forbairt dhearfach den fhoirm ealaíne é an fás ar ról na bhféilte damhsa. Is ardáin shuntasacha iad féilte briomhara a bhfuil baint ag ealaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta leo don damhsa a fhorbairt in Éirinn. Bliain rathúil eile ba ea 2017 d'Fhéile Damhsa Bhaile Átha Cliath le freastal ard lucht féachana agus freagairt chriticiúil den chéad scoth. Bhí saothair fhuinniúla ón Ostair, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Spáinn, an tSualainn agus an tSiria mar chuid den chlár agus tugadh deis do chompántais áitiúla damhsa agus d'ealaíontóirí áitiúil saothair nua dhána a léiriú. Áirítear *Light Moves Festival of Screendance* i Luimneach, *Tipperary Dance Platform*, *Aonarach Le Chéile* i gCiarraí agus an *Hip Hop Dance Battle* i mBaile Átha Cliath i measc na bhféilte móra eile a reáchtáladh.

Tugadh tacaíocht don damhsa le linn 2017 faoi chuimsiú na straitéise deich mbliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* agus faoi réimsí tosaíochta an bheartais: An tEalaíontóir; Rannpháirtíocht an Phobail; Straitéis Infheistíochta; Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach; agus Cumas a Fhorbairt go háirithe.

Mar sin, bhí ról an ealaíontóra aonair damhsa ríthábhachtach don tacaíocht seo. Tugadh tacaíocht do réimse leathan cóiréagrafaithe agus taibheoirí le go mbeidís in ann díriú ar an bhfás ealaíne agus ar an gcleachtas trí chlár mhaoinithe na Comhairle Ealaíon lena n-áirítear Dámhachtainí Sparánachta agus Duais-sparánachtaí na Chéad Ghlúine Eile, Dámhachtainí Tionscadail, Dámhachtainí Taistil agus Oiliúna, an Scéim Chónaitheachta d'Ealaíontóirí Damhsa, an Scéim Camchuartha agus Scaipthe Saothair, Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus an scéim Cuireadh chun Comhoibrithe.

Bhí dáileadh cothrom réigiúnach i dtaobh gníomhaíochtaí damhsa agus tacaíochtaí ina phríomhthosaíocht go fóill. Bhí an obair a rinne ceithre eagraíocht acmhainní agus sheirbhísí (Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Luimneach) agus dhá eagraíocht fhorbartha (Bhaile Átha Cliath agus an Longfort) ríthábhachtach i ndáil leis seo.



Above: Laureate na nÓg, PJ Lynch at the Dublin Book Festival, November 2017.
 Thuas: Laureate na nÓg, PJ Lynch ag Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath, Samhain 2017.

Below: Manus Halligan and Judith Roddy in *Far Away*, Corcadorca, Spike Island, June/July 2017. Photographer: Enrique Carnicero.
 Thíos: Manus Halligan agus Judith Roddy in *Far Away* Corcadorca, Inis Pí, Meitheamh/Iúil 2017. Grianghrafadóir: Enrique Carnicero.





Above: Jenn Kirby, 2017 Irish Artist-in-Residence at the SoundSCAPE Festival, Maccagno, Italy, March 2017. **Photographer:** Daryl Feehely. Thuas: Jenn Kirby, 2017 Ealaíontóir Cónaithe Éireannach ag Féile SoundSCAPE, Maccagno, An Iodáil, Márta 2017. Grianghrafadóir: Daryl Feehely.

Centre: Aon Ériu Dance Company. October 2017. **Photographer:** Declan English. Sa lár: Aon Compántas Rince Eirú, Deireadh Fómhair 2017. Grianghrafadóir: Declan English.

Below: *Soldier Still* Junk Ensemble at the Mermaid Arts Centre, Wicklow. September 2017. **Photographer:** Fionn McCann. Thíos: *Soldier Still* Junk Ensemble ag an Mermaid Arts Centre, Cill Mhantáin. Meán Fómhair 2017. Grianghrafadóir: Fionn McCann.

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

16

The remarkable achievements of Irish choreographers on the national and international stage were particularly evident during 2017. This was perhaps best reflected in the successful and extensive international touring of Michael Keegan-Dolan's now-seminal *Swan Lake/Loch na hEala*, which was justly rewarded by receiving the coveted 'Best Production' at the Irish Times Theatre Awards.

Another exciting highpoint of 2017 was CoisCéim's Australian tour of *The Wolf and Peter*. 7,500 people saw the production, which also included live-streaming to remote schools in New South Wales. Notably, the tour finished at the Sydney Opera House where it made history as the first contemporary dance theatre company from Ireland to perform there.

The announcement that two major dance commissions were among the recipients of the Arts Council's Open Call programme again highlighted the strength and contribution of Irish choreographers on the national arts landscape. They are: Liz Roche Company and Michael Keegan-Dolan / Teac Dansa. Equally exciting was the awarding of two Next Generation Bursary Awards to two emerging dance artists: Liv O'Donoghue and Jessie Keenan.

Chuidigh camchuartheanna ar ardchaighdeán agus féilte beaga damhsa leis freisin. Anuas air sin, d'oibrigh aon ealaíontóir déag damhsa chónaitheacha in ionaid tionóil ar fud na hÉireann agus chuaigh siad i bhfeidhm go mór ar raon geografach gníomhaíochtaí damhsa agus ar inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí damhsa sna réigiúin.

Bhí na héachtaí a rinne cóiréagrafaíthe Éireannacha ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta le sonrú go soiléir le linn 2017. B'fhéidir gurbh é an léiriú ab fhearr air seo an chamchuaire mhór rathúil idirnáisiúnta a rinne *Swan Lake/Loch na hEala* le Michael Keegan-Dolan atá ceannródaíoch amach is amach agus ar ar bronnadh 'An Léiriú is Fearr' ag Gradaim Amharclannaíochta The Irish Times le déanaí.

Buaicphointe spleodrach eile de 2017 ba ea an chamchuaire a rinne CoisCéim le *The Wolf and Peter* san Astráil. Chonaic 7,500 duine an léiriúchán lena n-áirítear beoshruathú chuig scoileanna iargúlta in New South Wales. Chríochnaigh an chamchuaire in Áras Ceoldrámaíochta Sydney mar a baineadh áit sa stair amach mar an gcéad Chompántas Amharclannaíochta ó Éirinn chun léiriú a dhéanamh ann.

Léirigh sé bua na gcóiréagrafaíthe agus an tionchar a bhí acu ar chúrsaí náisiúnta ealaíon gur fógraíodh dhá choimisiún mhóra damhsa i measc na dtionscadal ar éirigh leo i gClár Gairmeacha Oscailte na Comhairle Ealaíon. Is iad sin ná: Compántas Liz Roche agus Michael Keegan-Dolan / Teac Dansa. Anuas air sin, b'iontach an rud a bhí ann gur bronnadh dhá Dhámhachtain Sparánachta na Chéad Ghlúine Eile ar bheirt ealaíontóirí damhsa atá ag teacht chun cinn: Liv O'Donoghue agus Jessie Keenan.

Film

The Arts Council's role in film is to support film as an artform. It is focused on the art of film and supports film artists and provides for, and develops, audiences for cultural cinema.

The Arts Council continued to support film artists to develop their practice and to make non-narrative and experimental work in film. Four artists received bursary awards to the value of €33,700 while ten artists received project awards to the value of €373,446. Two film artists were recipients of the Arts Council's Open Call awards in 2017. Pat Collins' *Folkland* was awarded €150,000 for an imaginative and poetic film essay inspired by the writings and ideas of the celebrated American folklorist Henry Glassie. Rouzbeh Rashidi's *Luminous Void*, awarded €54,500, will be a poetic examination of experimental filmmaking in Ireland and Iran viewed through the personal prism of the film artist's experience of emigration. The work of all the film artists supported can be expected to screen in cinemas and festivals in Ireland and abroad in 2018 and 2019.

In a new development in 2017, the Arts Council offered exhibition support to the two films made under its Reel Art scheme, which is offered in partnership with ADIFF and Filmbase. Following their premiere at the IFI in February, Ken Wardrop's *The Piano Lesson* and John Murphy and Traolach Ó Murchú's *Photo City* were able to avail of this additional funding in order to maximise their audiences both nationally and internationally. *The Piano Lesson*, which has since been re-named *Making the Grade*, has been selected for the 2018 SXSW Film Festival.

A new initiative in 2017 was the launch of the iLDÁNA, a scheme for landmark cinematic documentaries on the arts in Irish, in partnership with TG4 and the Galway Film Centre. Aodh Ó Coileáin of Magamedia will make the film, *Cumar*, exploring the confluences which have shaped Galway as an artistic centre. The film will launch with a dedicated cinema screening and will have a theatrical window before broadcast to a primetime TG4 audience.

In September, Mark O'Halloran was appointed as Film Artist in Residence at UCC for 2017–18. He is the fourth film artist to be appointed to the role, which is jointly funded by UCC and the Arts Council and is offered in association with the Cork Film Festival. It is designed to provide a screenwriter of distinction with a unique opportunity to develop his or her practice in a university environment, while offering students the opportunity to engage with a practising artist in a meaningful way during the course of their studies.

In other areas, the Arts Council refined its film policy in the course of 2017 and, when published in 2018, this will outline key actions and interventions to support film artists and engage the public with film over the next three years.

Scannán

Is é an ról atá ag an gComhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt do scannán mar fhoirm ealaíon. Tá sí dírithe ar ealaíon na scannán agus tacaíonn sí le healaíontóirí scannán agus lucht féachana a chur ar fáil agus a fhorbairt don cineama cultúrtha.

Lean an Comhairle Ealaíon de thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí scannán le linn 2017 le go mbeidís in ann an cleachtas a fhorbairt agus obair neamhscealaí agus obair thurgnamhach a dhéanamh. Fuair ceathrar ealaíontóirí Dámhachtain Sparánachta arbh fhiú €33,700 iad agus tugadh dámhachtainí tionscadail arbh fhiú €373,446 iad do dheichniúir ealaíontóirí. Fuair beirt ealaíontóirí scannán dámhachtain a bhui le Gairmeacha Oscailte na Comhairle Ealaíon sa bhliain 2017. Bronnadh €150,000 ar *Folkland* le Pat Collins arb aiste fhileata, shamhlaíoch i bhfoirm scannán é, a raibh saothar scríofa agus smaointe an bhéaloideasóra cháiliúil as Meiriceá, Henry Glassie mar spreagadh di. Scrúdú fileata ar scannánaíocht thurgnamhach in Éirinn agus san Iaráin ó dhearcadh pearsanta an déantóra scannán bunaithe ar a thaithí féin ar an imirce a bheidh i gceist le *Luminous Void* le Rouzbeh Rashidi ar arb bronnadh €54,500. Táthar ag súil go dtaispeánfar saothar na n-ealaíontóirí scannán i bpictiúrlanna agus ag féilte in Éirinn agus thar lear in 2018 agus in 2019.

Mar chuid d'fhorbairt nua in 2017, chuir an Chomhairle Ealaíon tacaíocht taispeántais ar fáil don dá scannán a rinneadh faoin scéim Reel Art a chuirtear ar fáil i gcomhar le ADIFF agus Filmbase. Tar éis an chéad taibhiú ag Institiúid Scannán na hÉireann i mí Feabhra, bhí *The Piano Lesson* le Ken Wardrop agus *Photo City* le John Murphy agus Traolach Ó Murchú in ann leas a bhaint as an maoiniú breise seo chun an lucht féachana is mó is féidir a tharraingt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Roghaníodh *The Piano Lesson*, ar tugadh *Making the Grade* air ó shin, d'Fhéile Scannán SXSW 2018.

Tionscnamh nua in 2017 ba ea iLDÁNA, scéim do scannán cheannródaíochais faisnéise ar na healaíona as Gaeilge i gcomhar le TG4 agus Ionad Scannán na Gaillimhe, a sheoladh. Déanfaidh Aodh Ó Coileáin ó Magamedia an scannán, *Cumar*, ina mbreathnófar ar na cúinsí a bhí ann i nGaillimh le go ndéanfaí ionad ealaíne di. Seolfar an scannán le léiriú tiomnaithe i bpictiúrlann agus beidh fuinneog téatair ann sula gcaolfar é os comhair lucht féachana i rith sceideal príomh-ama TG4.

Ceapadh Mark O'Halloran ina Ealaíontóir Scannán Cónaithe in UCC don bhliain 2017-18 i mí Mheán Fómhair. Is é Mark O'Halloran an ceathrú ealaíontóir scannán a ceapadh sa ról a chómhaoineann UCC agus an Chomhairle Ealaíon agus a chuirtear ar fáil i gcomhar le Féile Scannán Chorcaí. Is é is aidhm leis deis ar leith a thabhairt do scríbhneoirí scáileáin a bhfuil gradam bainte amach aige nó aici a c(h)leachtas a

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

18

Literature

The Arts Council's remit in literature includes support for the writing and publication of high-quality poetry, fiction, short fiction, children's literature, critical writing and some forms of creative non-fiction. This support ranges from provision of bursaries to individual writers through to revenue funding of resource organisations, publishers and festivals.

In its support for individual artists, the Arts Council awarded 42 Literature Bursary Awards to writers and illustrators at all stages of their careers, writing in English and Irish, with a total value of €397,257. Of these, 10 were awarded to authors at the very beginning of their careers.

The Arts Council made 19 awards, totalling €280,000, under the Publications/Title by Title Scheme. This scheme assists in the production of high-quality literary titles and journals, and their promotion and dissemination to a wide audience. Successful applicants included work in Irish and English, and covered all genres of writing from children's literature to poetry to literary fiction. Publishers and journals supported ranged from the newly formed to the long established.

In September, inaugural Laureate for Irish Fiction Anne Enright delivered her final annual lecture, entitled 'The Count: what the figures say about being a female Irish writer today.' The lecture was delivered in September in the National Gallery of Ireland. As part of her commitment to championing the short story form, the Laureate for Irish Fiction presented another Long Night of the Short Story in December 2017, this time in the VISUAL in Carlow, with stories from Anne Enright, Sally Rooney, Colin Walsh, Belinda McKeon and Nicole Flattery with musical responses from Little John Nee.

Professor Eiléan Ní Chuilleanáin gave her inaugural lecture as the Ireland Professor of Poetry. The lecture, entitled 'Pearse Hutchinson (1927–2012): a poet and his languages', was delivered in March in Queen's University Belfast.

The Ireland Chair of Poetry Trust published a collection of Ireland Chair of Poetry lectures in November. The collection included *The Bag Apron* by John Montague, *Cead Isteach* by Nuala Ní Dhomhnaill and *Three European Poets* by Paul Durcan, and was published by University College Dublin Press. So word by word, page by page Irish writing continued finding outlet in new authors, and in established ones delivering new material. The Irish reader and the readers of Irish work globally found much to reflect on, delight and surprise.

fhorbairt i dtimpeallacht ollscoile agus deis a thabhairt do mhic léinn ag an am céanna oibriú ar bhealach bríoch le healaíontóir atá ag cleachtadh le linn dóibh a bheith i mbun staidéir.

I réimsí eile, rinne an Chomhairle Ealaíon beachtú ar an mbeartas scannánaíochta le linn 2017 agus, nuair a fhoilseofar an beartas in 2018, tabharfar cuntas ann ar na príomhghníomhartha agus ar na hidirghabhálacha a úsáidfear chun tacú le healaíontóirí scannán agus chun suim an phobail sa scannánaíocht a mhúscailt sna trí bliana seo romhainn.

Litríocht

Is cuid de shainchúram na Comhairle Ealaíon sa litríocht tacaíocht a thabhairt i gcomhair scríobh agus foilsiú filíochta, ficsin, gearrscéalta, litríochta do pháistí, na scríbhneoireachta criticiúla agus cineálacha áirithe neamhficsin chruthaitheigh d'ardchaighdeán. Cuimsíonn an tacaíocht seo idir sholáthar sparánachtaí do scríbhneoirí aonair agus chistiú ioncain d'eagraíochtaí acmhainne, d'fhoilsitheoirí agus d'fhéilte.

Ina tacaíocht le healaíontóirí aonair, bhronn an Chomhairle Ealaíon 42 Dámhachtain Sparánachta Litríochta, arbh fhiú €397,257 ar an iomlán iad, ar scríbhneoirí agus ar mhaisitheoirí ag gach céim dá ngairm bheatha, idir dhaoine a scríobhann i mBéarla agus daoine a scríobhann i nGaeilge. Dóibh seo, bronnadh deich gcinn ar údair a bhí ag tús a ngairmeacha beatha.

Rinne an Chomhairle Ealaíon 19 ndámhachtain, arbh fhiú €280,000 ar an iomlán iad, faoi Scéim na bhFoilseachán/Teideal ar Theideal. Cabhraíonn an scéim seo le saothar agus irisí liteartha ar ardchaighdeán a tháirgeadh, a chur chun cinn agus a scaipeadh ar lucht mór léite. Áiríodh le hiarratasóirí ar éirigh leo saothar i nGaeilge agus i mBéarla, agus cuimsíodh gach seánra scríbhneoireachta, litríocht do leanaí, filíocht agus ficsean liteartha ina measc. Chuimsigh na foilsitheoirí agus na hirisí dá dtugadh tacaíocht idir fhoilsitheoirí agus irisí nuabhunaithe agus fhoilsitheoirí agus irisí fadbhunaithe.

Thug an chéad Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach, Anne Enright, a léacht bhliantúil deiridh dar teideal 'The Count: what the figures say about being a female Irish writer today' i mí Mheán Fómhair. Tugadh an léacht seo i mí Mheán Fómhair i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Mar chuid dá tiomantas do thacú le foirm an ghearrscéil, chuir an Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach *Long Night of the Short Story* eile i láthair i mí na Nollag 2017, an t-am seo in VISUAL i gCeatharlach, le scéalta ó Anne Enright, Sally Rooney, Colin Walsh, Belinda McKeon agus Nicole Flattery, agus freagairtí ceoil ó Lisa O'Neill.

Thug an tOllamh Eiléan Ní Chuilleanáin a chéad léacht mar Ollamh Filíochta na hÉireann. Tugadh an léacht dar teideal

Music

Music is one of the most highly diverse and multi-faceted artforms supported by the Council. Investment is made across a wide variety of genres in all parts of the country. Traditional music supports are detailed separately under the Traditional Arts section of the annual report.

2017 saw the continued operation and development of core music resource organisations such as the Contemporary Music Centre, First Music Contact, Music Network, Improvised Music Company and the Association of Irish Choirs. These continued to provide a wide range of important supports to composers, performers, venues and promoters as well as directly to the public.

It was another year of notable strength and development of the major Council-funded Irish professional performing groups including the Irish Chamber Orchestra, the Irish Baroque Orchestra, Chamber Choir Ireland and Crash Ensemble who celebrated their 20th anniversary. All of these groups continued to perform to high levels of musical excellence.

Specialist music festivals such as the West Cork and Westport Chamber Music festivals, the Bray and Limerick Jazz festivals, the Sligo Jazz project, Hard Working Class Heroes, the New Ross Piano Festival, and the Cork International Choral festival, (among many others) provided quality, immersive musical experiences. A wide range of excellent voluntary and professional promoting organisations and venues continued to present varied programmes of live concerts to the public across the country.

Two key Council partnerships were with Music Generation in professional artist involvement in this important national music education initiative, and with RTÉ and the National Concert Hall in the *New Music Dublin Festival*. 2017 saw the resumption of the NMD Festival after a gap year with a memorable weekend festival featuring the music of Thomas Adès and Gerald Barry (in which both composers also performed and participated extensively) and a major reconfiguration of the festival's governance and management with increased support from all partners.

In addition to other commissions by Council-funded and other organisations, the Council also supported 35 different composers directly through its commissions programme, assisted composers and performers through the bursaries scheme and travel and training awards, and a wide variety of performers and other artists through its extensive music projects support strand. The music element of the Council's touring programme, much of which was in the form of cross-border tours jointly supported by the Arts Council of Northern Ireland, was another strand of Council investment

'Pearse Hutchinson (1927-2012): a poet and his languages', i mí an Mhárta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

D'fhoilsigh Iontaobhas Chathaoir Filíochta na hÉireann cnuasach léachtaí d'Ollúnacht Éigse Éireann i mí na Samhna. Áirítear leis an gcnuasach seo *The Bag Apron* le John Montague, *Cead Isteach* le Nuala Ní Dhomhnaill agus *Three European Poets* le Paul Durcan, agus d'fhoilsigh Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath é. Focal ar fhocal, eathanach ar leathanach, tháinig ábhar nua scríbhneoireachta chun cinn, tháinig cuid den ábhar ó údair nua Éireannacha agus tháinig saothair nua ó scríbhneoirí a bhfuil seanaithne againn orthu freisin. Bhí idir ábhar machnaimh agus ábhar iontais ann don léitheoir Éireannach agus do dhaoine ar fud an domhain a léann saothair ó Éirinn.

Ceol

Tá an ceol ar cheann de na foirmeacha ealaíne is éagsúla agus is ilghnéithí dá dtugann an Chomhairle tacaíocht. Déantar infheistiú i réimse leathan seánraí in áiteanna ar fud na tíre. Tugtar mionsonraí faoi thacaíochtaí do cheol traidisiúnta faoi roinn na nEalaíon Traidisiúnta sa tuarascáil bhliantúil.

Leanadh d'obair príomheagraíochtaí acmhainne ceoil amhail the Contemporary Music Centre, First Music Contact, Music Network, Improvised Music Company agus Cumann Náisiúnta na gCór, a dhéanamh agus a fhorbairt in 2017. Sholáthair siad réimse leathan tacaíochtaí tábhachtacha do chumadóirí, léiritheoirí, ionaid tionóil agus tionscnóirí agus go díreach don phobal.

In 2017, bhí na mórghrúpaí gairmiúla seinnte a mhaoíníonn an Chomhairle, lena n-áirítear Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann, Cór Aireagail na hÉireann agus Crash Ensemble a bhí ag ceiliúradh 20 bliain ar an bhfód i mbliana, fós láidir agus ag forbairt. Lean siad de thaispeántais cheoil ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Cuireann féilte saincheoil, lena n-áirítear na Féilte móra ceoil Aireagail in Iarthar Chorcaí agus i gCathair na Mart, na Féilte Snagcheoil i mBré agus i Luimneach, Tionscadal Snagcheoil Shligigh, Hard Working Class Heroes, Féile Phianó Ros Mhic Thriúin, agus Féile Idirnáisiúnta Chór Chorcaí, (i measc a lán eile) tumeispéiris cheoil ar ardchaighdeán ar fáil i suíomhanna féilte in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Lean réimse leathan eagraíochtaí tionscanta deonacha agus proifisiúnta den scoth ar aghaidh ag cur clár ilghnéitheach de cheolchoirmeacha beo i láthair don phobal ar fud na tíre.

Dhá chomhpháirtíocht thábhachtacha de chuid na Comhairle ba ea an chomhpháirtíocht le Music Generation chun ealaíontóirí proifisiúnta a tharraingt isteach sa tionscnamh tábhachtach náisiúnta i dtaca le hoideachas ceoil agus an

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

20

in music. Supports for music festivals and events and for music for and by children and young people were also channelled through the cross-artform Festivals and Events, and the Young People, Children and Education schemes.

Opera

2017 was a year of major change in opera in Ireland following the production of new Opera Policy and Strategy by the Council in December 2016. This was based on evidential research and review and on sectoral consultation, and reflected the priorities of the Council's overarching *Making Great Art Work* strategy.

The Council again supported two established, regularly producing opera companies. Wexford Festival Opera produced another major festival built around performances of three main-scale productions of rarely performed opera repertoire in October, continuing to reach a substantial Irish audience and a large international audience. Opera Theatre Company was supported to produce two smaller scale operas and to tour these to audiences in a large number of venues around Ireland, while continuing its valuable artist support and development programmes. It also presented an important concert performance/recording of Robert O' Dwyer's Irish-language opera, *Eithne*, which had not been heard for over 100 years.

In line with its major new policy priority, in the first part of the year the Council ran an open submission process to identify a preferred regular provider of main-scale core opera repertoire in Dublin to address a large gap in provision existing since 2010. A newly merged-company proposal from Opera Theatre Company and Wide Open Opera was chosen. From 2018, the new Irish National Opera will begin to produce both main-scale core repertoire based largely in Dublin, integrated with extensive touring opera, following a national-company model originally planned for 2011.

The Opera Production Award introduced in 2012 continued to support individual collaborative productions by a range of 'independent' artistic producers, which remains an important plank of the new opera policy. In 2017, Northern Ireland Opera with the Irish Chamber Orchestra produced a memorable production of Handel's *Radamisto*, Opera Collective Ireland produced Britten's *Owen Wingrave* in Limerick and Dublin and Wide Open Opera and Landmark Productions produced a very well received premiere production of Donnacha Dennehy's and Enda Walsh's scintillating second opera collaboration *The Second Violinist* in both Galway and Dublin.

A small number of developmental new opera projects were also supported, and a number of operatic artists also

chomhpháirtíocht le RTÉ agus an Ceoláras Náisiúnta i ndáil le *Féile Nuacheoil Bhaile Átha Cliath*. Cuireadh Féile Nuacheoil Bhaile Átha Cliath ar siúl arís in 2017 tar éis bliain amháin a ghlacadh saor agus bhí deireadh seachtaine iontach ann de cheol Thomas Adès agus Gerald Barry (a bhí i mbun taispeántais agus an-rannpháirteach iad féin) agus cuireadh athrú ó bhonn ar rialú agus ar bhainistíocht na féile le níos mó tacaíocht ó na comhpháirtithe ar fad.

Anuas ar choimisiúin eile ó eagraíochtaí a mhaoiníonn an Chomhairle agus ó eagraíochtaí eile, thacaigh an Chomhairle chomh maith le 35 cumadóir éagsúil go díreach trína clár coimisiún sa bhliain 2016, cuidíodh le cumadóirí agus seinnteoirí trí scéim na sparánachtaí agus na dámhachtainí taistil agus oiliúna agus réimse leathan taibheoirí agus ealaíontóirí eile tríd an snáithe tacaíochta do thionscadail cheoil fhairsinge. Ba shnáithe eile d'infheistíocht na Comhairle sa cheol an ghné cheoil de chlár taistil na Comhairle, lena raibh turais trasteorann le comhthacaíocht ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann i gceist, mar aon le snáitheanna eile infheistíochta amhail tacaíocht d'fhéilte ceoil agus d'imeachtaí agus do réimse leathan tacaíochtaí ceoil do leanaí agus do dhaoine óga agus le leanaí agus le daoine óga trí thacaíochtaí ón gComhairle a fuarthas trí Fhéilte agus Imeachtaí trasfhoirme ealaíne agus trí scéimeanna do Dhaoine Óga agus Leanaí agus scéimeanna Oideachais.

Ceoldrámaíocht

Tháinig athrú mór ar an gceoldrámaíocht in Éirinn in 2017 mar gur thug an Chomhairle Beartas agus Straitéis Ceoldrámaíochta isteach i mí na Nollag 2016. Bunaíodh an beartas ar thaighde agus ar athbhreithniú a rinneadh ar fhianaise agus ar chomhairliúchán leis an earnáil agus is léiriú é ar na tosaíochtaí a léirítear in straitéis uileghabhálach na Comhairle *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*.

Thug an Chomhairle tacaíocht arís in 2017 do dhá chompántas ceoldrámaíochta bhunaithe a bhíonn ag léiriú go minic. Chuir Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman mórfhéile eile ar fáil tógtha ar thrí léiriú príomhscála de stór ceoldrámaí nach léirítear ach go hannamh i nDeireadh Fómhair agus lean sí ar aghaidh ag baint amach lucht féachana suntasach in Éirinn agus lucht féachana mór go hidirnáisiúnta freisin. Tugadh tacaíocht do Opera Theatre Company le dhá cheoldráma bheaga a léiriú i líon mór ionad ar fud na hÉireann, ag leanadh ag an am céanna de thacaíocht luachmhar a thabhairt d'ealaíontóirí agus do chlár forbartha agus anuas air sin, léirigh siad ceolchoirm thábhachtach/rinne siad taifeadadh ar an gceoldráma Gaeilge *Eithne* le Robert O' Dwyer, nár chualathas le ní ba mhó ná 100 bliain.

availed of newly strengthened supports for individual artists through expanded travel and training scheme opportunities, the re-introduction of opera bursaries, and the introduction of opera commissions support for the first time.

Theatre

In 2017 the Arts Council continued to support a wide range of established theatre companies and independent theatre artists to create challenging work of excellence that aims to push the boundaries of the artist's own practice and to engage, challenge and delight audiences in Ireland and abroad.

The year saw Irish theatre artists continuing to tour and create work in international partnership and to develop audiences across the globe – Landmark Productions with its critically acclaimed production of *Woyzeck in Winter* (Galway International Arts Festival and the Barbican Centre), *The Second Violinist* (Wide Open Opera), Dead Centre with *Hamnet* (co-produced with the Abbey Theatre), Druid with its productions of *Waiting For Godot* and *Beauty Queen Of Lennane*, Fishamble with the *Humours of Bandon*, and Pan Pan Theatre with its co-production of *The Tempest* (Theater Bonn).

Around the country, Corcadorca used two different prisons in Cork for its productions of Enda Walsh's *The Same* (Old Cork) and Caryl Churchill's *Far Away* (Spike Island); Blue Raincoat Theatre used a disused electronics factory in Sligo for its treble bill of short plays by Samuel Beckett, and the Gate Theatre transformed its auditorium, rehearsal room and bar into a 1920's speakeasy for its immersive production of *The Great Gatsby* – the first production of Selina Cartmell's directorship of the Gate. Druid presented a superlative new production of *King of the Castle* in Dublin and Galway, the first major revival of Eugene McCabe's play in 30 years, and a noteworthy revival of Mark O'Rowe's controversial play *Crestfall*, directed by Annabelle Comyn, which contributed along with *Woyzeck in Winter* and *The Second Violinist* to the increasingly bold theatre programme of the Galway International Arts Festival.

Across the country, the Arts Council expanded its supports for producers and theatre artists to come together, pool resources and create residencies and development programmes, such as Irish Theatre Institute's Six in the Attic (SITA) in Dublin; Tessellate, an initiative of The Everyman; Cork Midsummer Festival and Corcadorca in Cork; and Elevator, an initiative of the Irish Theatre Institute and the Town Hall Theatre in Galway.

The Abbey enjoyed a very popular first season under co-directors Graham McLaren and Neil Murray, touring two

I gcomhréir leis an bpríomhthosaíocht nua beartais, sa chéad chuid den bhliain, reáchtáil an Chomhairle próiseas iarratas chun príomhsholáthraí rialta de chroí-stór ceoldrámaíochta ar phríomhscála i mBaile Átha Cliath a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar bhearna mhór atá ann sa soláthar ó 2010 i leith. Roghnáíodh togra cónasctha compántais ón Opera Theatre Company agus Wide Open Opera. Ón mbliain 2018 ar aghaidh, tosóidh Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann ag léiriú croí-stór príomhscála i mBaile Átha Cliath den chuid is mó agus déanfaidh sé ceoldráma camchuaire freisin, bunaithe ar shamhail compántais náisiúnta a bhí beartaithe i dtús ama don bhliain 2011.

Lean an Dámhachtain um Léiriúcháin Ceoldráma a tugadh isteach in 2012 de thacaíocht a chur ar fáil do léiriúcháin chomhoibrithe le léiritheoirí 'neamhspleácha' éagsúla ealaíne agus tá sí fós ina cuid thábhachtach den bheartas nua ceoldrámaíochta. Sa bhliain 2017, léirigh Northern Ireland Opera i gcomhar le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann léiriúcháin iontach de *Radamisto* le Handel, léirigh Opera Collective Ireland *Owen Wingrave* le Britten i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath agus léirigh Wide Open Opera agus Landmark Productions an chéad léiriú den cheoldráma aoibhinn *The Second Violinist* le Donnacha Dennehy agus Enda Walsh, an dara comhshaothar ón mbeirt, i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath.

Tugadh tacaíocht do líon beag tionscadal nua forbartha ceoldrámaíochta sa bhliain 2015 agus bhain roinnt ealaíontóirí ceoldráma leas as tacaíochtaí neartaithe d'ealaíontóirí aonair trí dheiseanna méadaithe ar an scéim taistil agus oiliúna, sparánachtaí ceoldrámaíochta a tugadh isteach arís agus tacaíocht do choimisiúin cheoldrámaíochta a tugadh den chéad uair riamh.

Amharclannaíocht

Lean an Chomhairle Ealaíon de thacaíocht a thabhairt do raon leathan compántas amharclannaíochta bunaithe agus ealaíontóirí amharclannaíochta neamhspleácha in 2017 le go mbeidís in ann saothair dhúshlánacha den scoth a chruthú chun teorainneacha chleachtais an ealaíontóra a shárú agus chun luchtanna féachana in Éirinn agus thar lear a mhealladh, dúshlán a thabhairt dóibh agus iontas a chur orthu.

An bhliain seo, lean ealaíontóirí amharclannaíochta Éireannacha ar aghaidh ag dul ar camchuaireanna, ag cruthú saothar i gcomhar idirnáisiúnta agus ag forbairt luchtanna féachana ar fud an domhain – rinne Landmark Productions léiriú a fuair ardmholadh ar *Woyzeck in Winter* (Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe agus The Barbican Centre), *The Second Violinist* (Wide Open Opera), Dead Centre with *Hamnet* (comhléiriú le hAmharclann na Mainistreach), Druid




very different productions around the country – the small-scale *Two Pints* by Roddy Doyle, which played to 24 pubs in as many counties, and its large-scale production of *Jimmy's Hall* which premiered in Leitrim before a sell-out run in Dublin. It is also worth noting the success of The Abbey's Free First Previews initiative, which offers a broader audience increased access to the National Theatre.

With Arts Council support, the Dublin Theatre Festival and the Dublin Fringe Festival continued to offer significant platforms to innovative and experimental new theatre by artists and companies from around the country, including the THEATREclub's *I'm Not Here*; Malaprop Theatre's *Everything Not Saved*; Sad Strippers' *All Honey*; Sundays Child's *Friday Night Effect*; The Corps Ensemble's *Close To The Sun*; Mommo's *The Half Of It*; Martin Sharry's *Playboyz*; Rough Magic's *Melt*; the Corn Exchange's *Nora*; Iseult Golden & David Horan's *Class*; Fishamble Theatre's *On Blueberry Hill*; Anu Productions' *The Sin Eaters*; and Shaun Dunne's *Rapids*.

a rinne léiriú ar *Waiting For Godot* agus *Beauty Queen Of Lennane*, Fishamble le *The Humours of Bandon*, agus Pan Pan Theatre leis an gcomhléiriú ar *The Tempest* (Theater Bonn).

In áiteanna éagsúla ar fud na tíre, d'úsáid Corcadorca dhá phríosún dhifriúla i gCorcaigh don léiriú a rinne sé ar *The Same* (an Seanphríosún Chorcaí) le Enda Walsh agus *Far Away* (Inis Pí) le Caryl Churchill; D'úsáid Blue Raincoat Theatre monarcha leictreonaice nach n-úsáidtear a thuilleadh i Sligeach chun ghearrdhráma de chuid Samuel Beckett a léiriú, agus chlaochlaigh an Amharclann Gate an halla éisteachta, an seomra cleachtadh agus an beár go mbeadh cuma síbín sa 1920idí air don léiriú tumthach ar *The Great Gatsby* – an chéad léiriú faoi stiúirthóireacht Selina Cartmell ar an Amharclann Gate. Rinne Druid léiriú nua iontach ar *King of the Castle* i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh, an chéad athléiriú a rinneadh ar dhráma Eugene McCabe le 30 bliain agus athléiriú spéisiúil ar an dráma conspóideach *Crestfall* le Mark Rowe a stiúir Annabelle Comyn a chuir go mór, mar aon le *Woyzeck in Winter* agus *The Second Violinist* le clár dána drámaíochta Fhéile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe.

Ar fud na tíre, chuir an Chomhairle Ealaíon leis na tacaíochtaí a chuireann sí ar fáil do léiritheoirí agus d'ealaiontóirí amharclannaíochta chun teacht le chéile, acmhainní a chomhthiomsú agus cónaitheachtaí a chruthú agus clár a fhorbairt, amhail *Six in the Attic* (SITA) le hInstitiúid Amharclannaíochta na hÉireann i mBaile Átha Cliath, *Tessellate*, tionscnamh de chuid The Everyman, Fhéile Lár Samhraidh Chorcaí agus Corcadorca i gCorcaigh agus



Opposite: *Giselle* Ballet Ireland, toured April/May 2017.
Photographer: Declan English.

Os comhair: *Giselle* Ballet Ireland, a bhí ar chamchuairt in Aibreán/Bealtaine 2017. Grianghrafadóir: Declan English.

Above Top: Alexander Sitkovetsky (violin), Hugh Tinney (pianist and artistic director), Brian O'Kane (cello). Westport Festival of Chamber Music, September 2017. Photographer: Olivier Bauduin.

Thuas: Alexander Sitkovetsky (veidhlín), Hugh Tinney (pianódóir agus stiúrthóir ealaíne), Brian O'Kane (dordveidhil). Féile Cheoil Aireagail Chathair na Mart, Meán Fómhair 2017. Grianghrafadóir: Olivier Bauduin.

Above Left: *Andrea Fidelio On Air*, Circus Festival of Ireland. Photographer: Paul Woods.

Thuas ar chlé: 'Andrea Fidelio On Air', National Circus Festival of Ireland. Grianghrafadóir: Paul Woods.

Above Right: *Healing Sounds on the Wards* at University Hospital Waterford. Waterford Healing Arts Trust. Photographer: Hugh O'Brien Moran.

Thuas ar dheis: *Healing Sounds on the Wards* ag Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge. Waterford Healing Arts Trust. Grianghrafadóir: Hugh O'Brien Moran.

Elevator, tionscnamh de chuid Institiúid Amharclannaíochta na hÉireann agus Amharclann Halla na Cathrach i nGaillimh.

Bhí an-tóir ar Amharclann na Mainistreach don chéad séasúr faoi comhstiúir Graham McLaren agus Neil Murray, ag dul ar camchuairt ar fud na tíre le dhá léiriú a bhí an-eagsúil, an léiriú beag *Two Pints* le Roddy Doyle a cuireadh ar siúl in 24 tábhairne i 24 contae agus an léiriú mór a rinne sé ar *Jimmy's Hall*, ar a ndearnadh an chéad taibhiú i Liatroim sular tháinig sé go Baile Átha Cliath mar a ndíoladh na ticéid amach – beidh an dá dráma ar camchuairt arís in 2018. Is díol suntais é freisin Tionscnamh réamhléirithe saor in aisce Amharclann na Mainistreach lena dtugtar rochtain ar an Amharclann Náisiúnta do lucht féachana níos leithne.

Chuir Féile Imeachach Bhaile Átha Cliath agus Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath ardáin shuntasacha ar fáil le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon d'ealaíontóirí agus compántais nuálacha a bhaineann triail as rudaí nua ar fud na tíre, lena n-áirítear léirithe ó THEATREclub's *I'm Not Here*; Malaprop Theatre's *Everything Not Saved*; Sad Strippers' *All Honey*; Sundays Child's *Friday Night Effect*; The Corps Ensemble's *Close To The Sun*; Mommo's *The Half Of It*; Martin Sharry's *Playboyz*; Rough Magic's *Melt*; the Corn Exchange's *Nora*; Iseult Golden & David Horan's *Class*; Fishamble Theatre's *On Blueberry Hill*; Anu Productions' *The Sin Eaters*; agus Shaun Dunne's *Rapids*.



Above Left: Louth Lu with the fada... Installation created by Kieran McNulty for Cruinniú na Cásca at Mellifont Abbey produced by Droichead Arts Centre, April 2017. Photographer: Ken Finegan.
Thuas ar chlé: Louth Lu leis an síneadh fada ... Suiteáil cruthaithe ag Kieran McNulty do Cruinniú na Cásca ag Mainistir Mellifont a tháirgtear ag Ionad Ealaíon Droichead, Aibreán 2017. Grianghrafadóir: Ken Finegan.

Above: Waterford Spraoi Parade, August 2017. Photographer: Nél Browne.
Thuas: Paráid Spraoi Phort Láirge, Lúnasa 2017. Grianghrafadóir: Nél Browne.

Centre Left: Discussing pianos at the new Library Park in New Ross, New Ross Piano Festival, September 2017. Photographer: Mary Browne.

Sa lár ar chlé: Ag plé pianó ag Páirc na Leabharlainne a osclaíodh le déanaí i Ros Mhic Thriúin, Féile Pianó Ros Mhic Thriúin, Meán Fómhair 2017. Grianghrafadóir: Mary Browne.

Below: Liam Carney and Lorcan Cranitch in *Two Pints* by Roddy Doyle at the Abbey Theatre, July 2017. Photographer: Ros Kavanagh.

Thíos: Liam Carney agus Lorcan Cranitch in *Two Pints* le Roddy Doyle ag Amharclann na Mainistreach, Iúil 2017. Grianghrafadóir: Ros Kavanagh.



Above: Mezzo-soprano Sarah Richmond as Kate Julian in Opera Collective Ireland's production of *Owen Wingrave*. Photographer: Frances Marshall.
 Thuas: An meánsoprán, Sarah Richmond mar Kate Julian i léiriú de *Owen Wingrave* de chuid Opera Collective Ireland. Grianghrafadóir: Grianghrafadóireacht: Frances Marshall.

Centre: Eamon O'Kane *Does all the beauty of the world cease when you die?* May/June 2017. Butler Gallery, Kilkenny. Photographer: Roland Paschhoff.
 Sa lár: Eamon O'Kane *Does all the beauty of the world cease when you die?* Eanáir/Meitheamh 2017. Butler Gallery, Cill Chainnigh. Grianghrafadóir: Roland Paschhoff.

Below: Dancing at Lughnasa, The Everyman, Cork, August 2017.
 Thíos: Damhsa ag Lughnasa, The Everyman, Corcaigh, Lúnasa 2017.

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

26

Traditional Arts

The traditional arts are an ancient thread of our culture and a source of irrigation for creativity around the world. Old, they continuously find new forms of expression and interpretation. Irish, they are a heard note and influence far beyond either the artform or our island.

The Arts Council invested in the development of significant new works and collaborations in 2017 through the Deis, Traditional Arts Project and Traditional Arts Commissions awards. Festivals and seasonal schools continued to play an essential role in enabling public engagement with the traditional arts. Across the country, 36 dedicated traditional arts festivals and seasonal schools took place throughout the year with support from the Festivals and Events Scheme. This scheme was revised in 2017 and a new Festival Investment Scheme was launched in the autumn for 2018 festival applications.

Important traditional arts projects came to fruition in 2017. The singer Pádraigín Ní Uallacháin completed a new web-based resource called 'Oriel Arts', which celebrates the cultural experiences of previous generations through transmission and performance of traditional Oriel arts by contemporary musicians and singers. The Traditional Arts Project Award 2017 was awarded to Éiríú Dance Company led by dancer and choreographer Breandán de Gallaí for the creation of *Aon*, a new choreographic work presented in co-operation with both the Firkin Crane dance centre in Cork city and the newly re-opened Amharclann Ghaoth Dobhair in County Donegal.

In 2017 the Arts Council's Deis Award invested in 16 traditional arts projects including;

- A collaborative project between the Dingle Fife and Drum Band and Banna Fliúit Loch a'Bhogaigh from Cúil Aodh involving musicians Fergus Ó Fleaithbheartaigh, Aoife Granville and Conal Ó Gráda, incorporating repertoire workshops and joint performances.
- Artistic exchange and creative collaboration between artists from Ireland and artists from Brittany concluding in concert performance in Achill International Harp Festival.
- A series of Early Irish Harp discovery weekends led by the Historical Harp Society of Ireland, comprising a range of activities including workshops and concert performances of medieval to 18th century solo and vocal music using replica early Irish harps.

The Deis Recording and Publications Award invested in 19 projects in 2017, including;

- *The Binneas Collection – Imleabhar 2*, published by Comhchoiste Ghaeltacht Uibh Ráthaigh, comprising

Na hEalaíona Traidisiúnta

Is cuid ársa dár gcultúr féin na healaíona traidisiúnta agus is foinse iad don chruthaitheacht ar fud an domhain. Cé go bhfuil siad sean, tagann foirmeacha nua léirithe chun cinn an t-am ar fad. Cloistear guth na nÉireannach níos mó ná san fhoirm ealaíne amháin nó in Éirinn amháin agus bíonn tionchar mór aige.

Rinne an Chomhairle Ealaíon infheistíocht i saothair agus i gcomhshaothair nua shuntasacha in 2017 tríd an Dámhachtain Deis, an Dámhachtain do Thionscadail sna hEalaíona Traidisiúnta agus an Dámhachtain Coimisiún sna hEalaíona Traidisiúnta. Bhí ról ríthábhachtach ag féilte agus ag scoileanna séasúracha freisin maidir le héasca a dhéanamh ar rannpháirtíocht an phobail leis na healaíona traidisiúnta. Reáchtáladh oiread ag 36 féile agus scoil séasúrach ar leith do na healaíona traidisiúnta ar fud na tíre in 2017 le tacaíocht ó Scéim na bhFéilte agus na nImeachtaí. Rinneadh athchóiriú ar an scéim in 2017 agus glacadh le hiarratais ar Scéim nua Infheistíochta na bhFéilte san Fhómhar d'fhéilte a bhí beartaithe do 2018.

Tugadh roinnt tionscadail thábhachtacha sna healaíona chun críche in 2017. Chríochnaigh an t-amhránaí Pádraigín Ní Uallacháin acmhainn nua ghréasánbhunaithe ar a dtugtar 'Oriel Arts', lena ndéantar ceiliúradh ar eispéiris na nglúnta a chuaigh romhainn tríd an léiriú agus an seachadadh a dhéanann ceoltóirí agus amhránaithe comhaimseartha ar ealaíona traidisiúnta Oiriaila. Bronnadh an Dámhachtain do Thionscadal sna hEalaíona Traidisiúnta 2017 ar Chompántas Damhsa Éirí ar a bhfuil an damhsóir agus cóiréagrafaí Breandán de Gallaí i gceannas as *Aon*, saothar nua cóiréagrafaíochta a léiríodh i gcomhar le hionad damhsa Firkin Crane i gcathair Chorcaí agus Amharclann Ghaoth Dobhair i nDún na nGall a athosclaíodh le déanaí a chruthú.

Rinne an Chomhairle Ealaíon infheistíocht i 16 thionscadal sna healaíona traidisiúnta in 2017 tríd an Dámhachtain Deis lena n-áirítear;

- Tionscadal comhoibritheach idir the Dingle Fife and Drum Band agus Banna Fliúit Loch a'Bhogaigh ó Chúil Aodh ina raibh na ceoltóirí Fergus Ó Fleaithbheartaigh, Aoife Granville agus Conal Ó Gráda páirteach, lena cuimsíodh ceardlanna stóir agus comhléirithe.
- Malartú ealaíne agus comhoibriú cruthaitheach idir ealaíontóir in Éirinn agus ealaíontóir sa Bhriotáin a raibh ceolchoirm ag Féile Cruite Idimnísiúnta Acla mar thoradh air.
- Sraith de dheirí seachtaine ar a raibh Cumann Cláirsí na hÉireann i gceannas lena breathnaíodh ar an tseanchláirseach, reáchtáladh réimse gníomhaíochtaí lena n-áirítear ceardlanna agus ceolchoirmeacha

songs and repertoire collected by Peter Mullarkey in collaboration with people in the Iveragh Peninsula in South Kerry.

- A solo album by Aileen Lambert of unaccompanied traditional ballads focusing on the song traditions of Wexford and Newfoundland.

In 2017 the Arts Council awarded Traditional Arts Bursaries to seven artists, including;

- Accordion player Josephine Marsh to support her compositional work.
- Dancer and concertina-player Caitlín Nic Gabhann to focus on choreographic and improvisatory creation in relation to dance music and percussive dance.

Dancer Edwina Guckian was awarded an Arts Council Next Generation Bursary in 2017 to support her artistic experimentation and creation in collaboration with five musicians.

The Arts Council also established a new partnership with the teacher-training institute, Mary Immaculate College, Limerick, to run a Traditional Artist in Residency programme. In Dublin, we renewed our partnership with the National Concert Hall to create the Tradition Now platform for forward-looking traditional music. A new Strategic Funding grant programme was also introduced at the end of 2017. This is the first major step in implementing the funding framework associated with the Arts Council's ten-year strategy, *Making Great Art Work*. At the end of 2017 the Deis Award was incorporated into the Traditional Arts Project Award 2018, which was revised to include two application strands. This will accommodate the medium-scale creative projects associated previously with the award.

d'aonréid agus de cheol gutha meánaoiseach ón 18ú haois a rinneadh le macasamhlacha seanchláirsí.

Rinneadh infheistíocht i 19 tionscadal tríd an Dámhachtain Taifeadta agus Foilsithe Deis in 2017, lena n-áirítear;

- D'fhoilsigh Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh *Binneas – Imleabhar 2* ina bhfuil amhráin agus stór a bhailigh Peter Mullarkey i gcomhar le muintir Uíbh Ráthaigh i ndeisceart Chiarraí.
- Rinne Aileen Lambert albam aonair de bhailéid traidisiúnta gan tionlacan lena díriodh ar an traidisiún amhránaíochta i Loch Garman agus i dTalamh an Éisc.

In 2017, bhronn an Chomhairle Ealaíon sparánachaí do na healaíona traidisiúnta ar seachtar ealaíontóirí, lena n-áirítear;

- An boscadóir Josephine Marsh chun tacú leis an obair cumadóireachta a bhíonn ar bun aici;
- Caitlín Nic Gabhann atá ina damhsóir agus a sheinneann an consairtín le go mbeadh sí in ann díriú ar an gcruthú cóiréagrafaíochta agus tubchumadóireachta i ndáil le ceol damhsa agus an damhsa buailteach;

Bhronn an Chomhairle Ealaíon Duais-sparánacht na Chéad Ghlúine Eile ar an damhsóir Edwina Guckian in 2017 chun tacú léi ealaín a thriail agus a chruthú i gcomhar le cúigear ceoltóirí eile.

Bhunaigh an Chomhairle Ealaíon comhpháirtíocht nua le Coláiste Mhuire Gan Smál in 2017 don oideachas múinteoirí chun Clár Cónaitheachta d'Ealaíontóirí Traidisiúnta a reáchtáil. Rinneamar athnuachan ar ár gcomhpháirtíocht leis an gCeoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath chun an t-ardán Tradition Now a chruthú don cheol traidisiúnta ceannródaíoch. Ag féachaint chun tosaigh, tugadh clár nua deontais don mhaoiniú straitéiseach isteach ag deireadh na bliana 2017. Ba é seo an chéad mhórchéim i dtreo an chreata mhaoinithe a bhaineann le straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, a chur chun feidhme. Ag deireadh na bliana 2017, cuimsíodh an Dámhachtain Deis leis an Dámhachtain do Thionscadal sna hEalaíona Traidisiúnta 2018, ar a ndearna athchóiriú le go mbeadh dhá shnáithe iarratais ann. Mar sin, beifear inn ann freastal a dhéanamh ar thionscadail mheánacha a bhain leis an Dámhachtain Deis roimhe seo.

Review of the Year 2017

Athbhreithniú ar an mBliain 2017 (ar lean)

28

Visual Arts

The visual arts were supported within the framework of the 10-year strategy *Making Great Art Work* – its policy priority areas being the artist and public engagement. Delivery on that commitment saw 60 visual artists supported through the Bursary Award, facilitating them to develop their practice over time. We were able to make a substantial investment in travel and training, supporting 61 artists to travel abroad to gain professional development and training opportunities that could not be accessed in Ireland. The Next Generation Award provided support to an emerging and exceptional group of seven visual artists. The Arts Council has committed to supporting new and challenging practices throughout the country through this bursary, with the applicants also taking part in a residency at the Tyrone Guthrie Centre.

In supporting artists in this way, we also seek to widen public engagement. This widening horizon is geographic and artistic. Everyone should have a right to see, to access and to be confronted by different types of practice. In turn, this practice has to be supported by opportunity for artists to develop, travel and exhibit.

The desire to provide artists with an opportunity to develop found practical example in 2017 through The Project Award, which funded 24 artist-led projects and organisations towards the creation of new work, independent programmes and publishing. The Visual Artists' Workspace Scheme supported 18 artist-led group studios throughout Ireland, accommodating 679 artists. Four curators were supported through the Curator-in-Residency Scheme. This Scheme supports independent curators, with partners such as local authorities, local venues or organisations, to develop their own practice and visual arts expertise within the local area.

Jesse Jones' *Tremble Tremble* at the Irish pavilion of the 57th Venice Biennale received critical acclaim. It was curated by Tessa Giblin and will be presented in Ireland with support from the Arts Council in 2018. Continuing our own curation of work over decades, the Council adopted a framework document 'A Collection at Work' in respect of our own collection. This included a commitment to the continued purchase of work and the appointment of a Collections Adviser to implement policies, procedures and partnerships in respect of the Arts Council Collection.

In 2017, some programme highlights included Isabel Nolan's exhibition *Calling on Gravity*, which received a Project Award, at the Douglas Hyde Gallery. It drew on a rich pattern of historical, philosophical, sculptural and pop cultural influences. Theresa Nanigian's exhibition of photographic portraits *I AM* was supported by the Arts Council Touring Award, which allowed the showcasing of the artist's work

Na hAmharc-ealaíona

Tugadh tacaíocht do na hamharc-ealaíona faoi chuimsiú na straitéise deich mbliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, agus is iad an t-ealaíontóir agus rannpháirtíocht an phobail réimsí tosaíochta an bheartais. I bhfianaise an ghealltanais sin, tugadh tacaíocht do 60 amharc-ealaíontóir tríd an Dámhachtain Sparánachta le go mbeidís in ann forbairt a dhéanamh ar an gcleachtas le himeacht ama. Bhíomar in ann infheistiúocht shuntasach a dhéanamh sa Taisteal agus san Oiliúint, agus tacaíodh le 61 ealaíontóir taisteal thar lear chun forbairt ghairmiúil a dhéanamh agus chun deiseanna oiliúna nach bhfuil ar fáil in Éirinn a thapú. Cuireadh tacaíocht ar fáil do ghrúpa de sheachtar amharc-ealaíontóirí tréitheacha atá ag teacht chun cinn trí Dhuais-sparánacht na Chéad Ghlúine Eile. Tá an Chomhairle Ealaíon meáite ar thacaíocht a thabhairt do chleachtas nua dhúshlánacha ar fud na tíre tríd an duais-sparánacht seo, agus rinne cuid de na hiarrthóirí seal cónaitheachta in Ionad Tyrone Guthrie.

Ach tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí ar an gcaoi seo, déantar iarracht borradh a chur faoi rannpháirtíocht an phobail freisin. Tá fás tíreolaíoch agus ealaíne romhainn. Tá sé ceart go mbeadh deis ag an méid is mó daoine agus is féidir féachaint ar na gcineálacha éagsúla cleachtas, rochtain a fháil orthu agus dul i ngleic leo freisin. Ní mór tacaíocht a thabhairt don chleachtas seo freisin ach deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí forbairt a dhéanamh, taisteal a dhéanamh agus a gcuid saothar a thaispeáint.

Sampla praiticiúil den fhothann a bhí ann deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí in 2017 le go mbeidís in ann forbairt a dhéanamh is ea an Dámhachtain Tionscadail lenar cuireadh maoiniú ar fáil do 24 tionscadal agus eagraíocht ar a raibh ealaíontóirí i gceannas chun saothar nua a chruthú, chun cláir neamhspleácha a chur ar bun agus foilsitheoireacht a dhéanamh. Thacaigh Scéim Spás Oibre na bhFisealaíontóirí le 18 spás stiúideo grúpa faoi stiúir ealaíontóirí a chur ar fáil ar fud na tíre lenar freastalaíodh ar 679 ealaíontóir. Tacaíodh le ceathrar coimeádaithe tríd an Scéim Chónaitheachta do Choimeádaithe. Tacaíonn an scéim seo le coimeádaithe neamhspleácha, i gcomhar le comhpháirtithe amhail údarais áitiúil, ionaid tionóil áitiúla agus eagraíochtaí, leis an gcleachtas agus saineolas ar na hamharc-ealaíona sa cheantar áitiúil a fhorbairt.

Fuair *Tremble Tremble* le Jesse Jones i bpuball na hÉireann ag an 57ú Biennale na Veinise ardmholadh ó léirmheastóirí. Is í Tessa Giblin a choimeád é agus taispeánfar in Éirinn é i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon in 2018. Ag leanúint den obair choimeádaíochta atá ar bun againn le blianta fada anuas, ghlac an Chomhairle doiciméad creata 'Bailiúchán ag Oibriú' i dtaobh ár mbailiúcháin féin.



Loughlin Deegan	10			8	5,985	1,921
Paddy Glackin	10		5		5,985	–
Martina Moloney	9	3			5,985	2,965
Pádraig Ó Duinnín	8			4	5,985	5,805
Helen Shaw	10			7	5,985	213
Kevin O'Donovan		5			–	–
Penelope Kenny		5			2,000	–
Michael Mulraeny		5			–	–
					76,813	40,575

There was one council member, Damian Downes, who did not receive a Council fee under the One Person One Salary (OPOS) principle.

Bhí comhalta amháin den chomhairle, Damian Downes, nach bhfuair táille Comhairle faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

Disclosures Required by Code of Practice for the Governance of State Bodies

The Council is responsible for ensuring that the Arts Council has complied with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies ("the Code"), as published by the Department of Public Expenditure and Reform in August 2016. The following disclosures are required by the Code: –

Employee Short-Term Benefits Breakdown

This is disclosed in Note 4 in the financial statements.

Consultancy Costs

Consultancy costs include the cost of external advice to management and exclude outsourced 'business-as-usual' functions.

Nochtadh a larrtar leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Chomhairle Ealaíon ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. larrtar an nochtadh seo a leanas sa Chód: –

Miondealú de Shochair Gearrthéarmacha Fostaithe

Nochtar é sin i Nóta 4 sna ráitis airgeadais.

Costais Chomhairleoireachta

Áirítear le costais chomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a thabhairt don bhainistíocht agus ní áirítear leis feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' leis.

Governance Statement and Council's Members' Report / Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle

52

	2017 €000's	2016 €000's
Legal advice / Comhairle dlí	81	42
Financial/actuarial advice / Comhairle airgeadais/achtúireach	125	41
Procurement advice / Comhairle maidir le soláthar	71	64
Arts Collection valuation / Luacháil ar an mBailiúchán Ealaíon	20	–
PR/Communications consultancy / PR/Comhairleoireacht cumarsáide	51	96
Other / Eile	214	320
Total consultancy costs / Costais iomlána na comhairleoireachta	562	563
Consultancy cost capitalised / Costas comhairleoireachta a caitheadh	–	–
Total / Iomlán	562	563

Legal Costs and Settlements

Other than expenditure incurred in relation to general legal advice received by the Arts Council, which is disclosed in Consultancy costs above, there was no expenditure incurred in the reporting period in relation to legal costs, settlements and conciliation and arbitration proceedings relating to contracts with third parties.

Costais Dlí agus Socruithe

Cé is moite de chaiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí a fuair an Chomhairle Ealaíon, a nochtar na Costais Chomhairleoireachta thuas, níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe.

Travel and Subsistence Expenditure

Travel and subsistence expenditure is categorised as follows:

Caiteachas ar Thaisteal agus Cothú

Tá an caiteachas ar Thaisteal agus Cothú curtha sna catagóirí seo a leanas:

	2017 €000's	2016 €000's
Domestic / Baile		
– Council / Comhairle	49	32
– Employees / Fostaithe	63	85
International / Idirnáisiúnta		
– Council / Comhairle	2	4
– Employees / Fostaithe	20	9
Total / Iomlán	134	130

Travel and subsistence expenditure includes €41k of expenses paid directly to the members. An additional €10k was incurred on their behalf in 2017. The total of €51k is shown above. The Council incurs expenditure on attendance by Council members, staff and guests at appropriate events. This expenditure is not classified as hospitality.

Áirítear leis an gcaiteachas ar thaisteal agus cothabháil €41,000 de chostais a íocadh go díreach le comhaltaí. Tabhaíodh €10,000 breise ar a son in 2017. Taispeántar an €51,000 iomlán thuas. Tabhaíonn an Chomhairle caiteachas ar fhreastal chomhaltaí, fhoireann agus aíonna na Comhairle ag imeachtaí cuí. Ní rangáítear an caiteachas seo mar fháilteachas.

Governance Statement and Council's Members' Report / Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle

Hospitality Expenditure

The Income and Expenditure Account includes the following hospitality expenditure:

	2017 €000's	2016 €000's
Staff hospitality / Fáilteachas foirne	1	1
Client hospitality / Fáilteachas cliant	13	10
Total / Iomlán	14	11

Statement of Compliance

The Council has complied with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies, as published by the Department of Public Expenditure and Reform in August 2016, with the following exceptions:

Grant Payments – Reel Art Scheme


Full details on the matter are set out in the Statement on Internal Control. The Council plans to review its controls over funding to outside agencies, in particular where funding is provided in one tranche. It also plans to review its processes for assessing the financial viability of grant funded agencies.

Procurement

Full details on the matter are set out in the Statement on Internal Control. The Council is undertaking or has now completed tender processes in relation to all contracts that had been rolled over.

Parliamentary Questions

The Arts Council can confirm that we have in place procedures for dealing with parliamentary questions that are sent to the Arts Council from the Houses of the Oireachtas. No questions were received in 2017.



Sheila Pratschke
Chairperson
19 June 2018



Martina Moloney
Council Member
19 June 2018

Caiteachas ar Fáilteachas

Cuirtear san áireamh an caiteachas seo a leanas ar fáilteachas sa chuntas loncaim agus Caiteachais:

	2017 €000's	2016 €000's
Staff hospitality / Fáilteachas foirne	1	1
Client hospitality / Fáilteachas cliant	13	10
Total / Iomlán	14	11

Ráiteas maidir le comhlíonadh

Tá ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 comhlíonta ag an gComhairle, leis na heisceachtaí seo a leanas:

Íocaíochtaí Deontais – Scéim Reel Art


Tá sonraí iomlána ar an gceist seo le fáil sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach. Tá sé i gceist ag an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar a rialuithe ar mhaoiniú do ghníomhaireachtaí seachtracha, go háirithe i gcás go bhfuil maoiniú á chur ar fáil i dtráinse amháin. Tá sé i gceist aici freisin athbhreithniú a dhéanamh ar a próisis chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht airgeadais na ngníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú deontais.

Soláthar


Tá sonraí iomlána ar an gceist seo le fáil sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach. Tá an Chomhairle anois ag tabhairt faoi nó tá próisis tairisceana curtha i gcrích aici i ndáil le gach conradh a tar-rolladh.

Ceisteanna Parlaiminteacha

Is féidir leis an gComhairle Ealaíon a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm againn chun déileáil le ceisteanna parlaiminteacha a chuirtear chuig an gComhairle Ealaíon ó Thithe an Oireachtais. Ní bhfuarthas aon cheist i 2017.



Sheila Pratschke
Cathaoirleach
19 Mí an Mheithimh 2018



Martina Moloney
Comhalta den Chomhairle
19 Mí an Mheithimh 2018

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas / Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur láthair Thithe an Oireachtais

54

AN CHOMHAIRLE EALAÍON

Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of An Chomhairle Ealaíon (the Arts Council) for the year ending 31 December 2017 as required under the provisions of section 25 of the Arts Act 2003. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure
- the statement of comprehensive income
- the statement of changes in reserves and capital account
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Arts Council at 31 December 2017 and of its income and expenditure for 2017 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Arts Council and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Arts Council has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Council members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

AN CHOMHAIRLE EALAÍON

Tuairim faoi ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Ealaíon don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir fhorálacha Alt 25 den Acht Ealaíon 2003. Áirítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipitil
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgid agus
- an nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasáiochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Comhairle Ealaíon amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2017 ag teacht le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a bhaineann leis an RA agus le Poblacht na hÉireann*.

Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISA) mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín a théann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an gComhairle Ealaíon agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá bailithe agam mar bhunús mo thuairime

Tuairisc ar eolas eile nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha ar fáil ag an gComhairle Ealaíon chomh maith leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear ansin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltá na Comhairle agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a théann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar a leithéid d'eolas agus ar cheisteanna áirithe eile a ndéanamh tuairisciú orthu mar eisceacht.

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas / Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur láthair Thithe an Oireachtais

55

Weakness in controls over grant payments

I draw attention to the statement on internal control which discloses that the Council has made provision for payments of €196,000 due in relation to grants awarded in 2017 under an arts programme. The Council had provided funding for these grants to an outside agency, now in liquidation, but the agency had not paid over the grants to the intended beneficiaries. The Council plans to review its controls and processes over funding to outside organisations.



Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General
26 June 2018

APPENDIX TO THE REPORT

Responsibilities of Council members

The governance statement and Council members' report sets out the Council members' responsibilities. The Council members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 25 of the Arts Act 2003
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 25 of the Arts Act 2003 to audit the financial statements of the Arts Council and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions

Laige maidir le rialuithe ar íocaíochtaí deontais

Tarraingím aird ar an ráiteas ar rialú inmheánach ina nochtar go ndearna an Chomhairle foráil d'íocaíochtaí de €196,000 a bhí dlite maidir le deontais a bronnadh faoi chlár ealaíon in 2017. Bhí maoiniú do na deontais seo curtha ar fáil ag an gComhairle do ghníomhaireacht sheachtrach, atá anois leachtaithe, ach ní raibh na deontais íoctha ag an ngníomhaireacht leis na tairbhíthe a bhí beartaithe. Tá sé i gceist ag an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar a rialuithe agus ar a phróisis ar mhaoiniú d'eagraíochtaí seachtracha.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
26 Mí an Mheithimh 2018

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí na Comhairle freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle. Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 25 den Acht Ealaíon 2003
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais, faoi réir FRS102
- rialtacht na n-aistrithe a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an cuí nó nach cuí an bunús gnóthais leantaigh cuntasáíochta, agus
- an oiread rialaithe inmheánaigh agus is cuí, dar leo, le hullmhú na ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha, de bharr calaoise nó earráide, a chumasú.

Dualgais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an Chomhairle Ealaíon freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Tá sé de chuspóir agam agus an t-iniúchadh idir lámha agam dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán míráiteas i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míráiteas a bheith ann de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas / Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur láthair Thithe an Oireachtais

of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Arts Council's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Arts Council to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go bhféadfadh tionchar a bheith acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlahtar mar thoradh ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Mar chuid de sin,

- Aithníim agus measaim rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais de bharr calaoise nó earráide; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus bailím fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cui le bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó an baol nach n-aimseofar míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná ceann de bharr earráide, de bharr go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh a fheileann don chás, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl ar éifeacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar iomchuíbheas na bpolasaithe cuntasáiochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara.
- Tarraingím conclúidí ar iomchuíbheas úsáid an bhunúis gnóthais leantaigh cuntasáiochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a bhailítear, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann mar a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí a d'fhéadfadh amhras a chruthú maidir le cumas na Comhairle Ealaíon leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má shocraím gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, tá orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na faisnéisithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na faisnéisithe sin, mo thuairim a leasú. Bunaítear mo chuid conclúidí ar an bhfianaise iniúchta a bhailítear suas le dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, mar gheall ar imeachtaí nó ar dhálaí amach anseo go stopfadh an Chomhairle Ealaíon ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, na faisnéisithe san áireamh, agus ar cé acu an ndéanann nó nach ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar bhun-aistrithe agus ar bhun-imeachtaí ar bhealach cothrom.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil dualgas orthu i leith rialachais mar a bhaineann sé le scóip agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus le torthaí suntasacha an iniúchta, easnaimh shuntasachta i smacht inmheánach a aithníim le linn m'iniúchta san áireamh, i measc ceisteanna eile.

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas / Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur láthair Thithe an Oireachtais

57

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if there is any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Eolas eile nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chuimsítear i mo thuairimse ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a cuireadh ar fáil leis na ráitis sin, agus ní thugaim conclúid de chineál ar bith orthu sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá orm faoi na Caighdeáin an t-eolas eile a chuirtear ar fáil a léamh agus, lena linn sin, machnamh a dhéanamh ar cé acu an dtagann nó nach dtagann an t-eolas eile sin leis na ráitis airgeadais nó le heolas a bailíodh le linn an iniúchta, nó an bhfuil an chuma air gur míráiteas ábhartha é. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile seo, tá orm an fhíríocht sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Déanaim an t-iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má bhíonn nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má bhíonn aon chás ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí ceaptha dó nó nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- mura leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- mura mbíonn na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Statement on Internal Control / Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

58

Scope of Responsibility

On behalf of the Arts Council, I acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal control is maintained and operated. This responsibility takes account of the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies 2016.

Purpose of the System of Internal Control

The system of internal control is designed to manage risk to a tolerable level rather than to eliminate it. The system can therefore only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded and that material errors or irregularities are either prevented or detected in a timely way.

The system of internal control, which accords with guidance issued by the Department of Public Expenditure and Reform has been in place in the Arts Council for the year ended 31 December 2017 and up to the date of approval of the financial statements.

Capacity to Handle Risk

The Arts Council has an Audit and Risk Committee (ARC) comprising three Council members and three external members, with financial and audit expertise, one of whom is the Chair. The ARC met six times in 2017.

The Arts Council has also established an internal audit function. An accounting firm is appointed to perform the internal audit process and conducts a programme of work agreed with the ARC.

The ARC has developed a risk management policy which sets out its risk appetite, the risk management processes in place and details the roles and responsibilities of staff in relation to risk. The policy has been issued to all staff who are expected to work within the Arts Council's risk management policy, to alert management on emerging risks and control weaknesses and assume responsibility for risks and controls within their own area of work.

Risk and Control Framework

The Arts Council has implemented a risk management system which identifies and reports key risks and the management actions being taken to address and, to the extent possible, to mitigate those risks.

A risk register is in place which identifies the key risks facing the Arts Council and these have been identified, evaluated

Raon na Freagrachta

Ar son na Comhairle Ealaíon, aithním go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 san áireamh san fhreagracht sin.

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnta a sholáthar, agus ní dearbhú dearfach, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á n-aimsiú ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Chomhairle Ealaíon don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017, agus suas go dtí an dáta ar ar ceadáíodh na ráitis airgeadais.

An cumas riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an gComhairle Ealaíon ar a bhfuil triúr comhaltaí de chuid na Comhairle, a bhfuil taithí airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus is duine díobh sin an Cathaoirleach. Bhuaill an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Le chéile sé huaire in 2017.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh curtha ar bun ag an gComhairle Ealaíon freisin. Ceapadh comhlacht cuntasaíochta chun an próiseas iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm agus tugann sé faoi chlár oibre a aontaíodh leis an ARC.

D'fhorbair an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach inghlacthacht riosca an choiste, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina mionsonraítear ról agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir atáthar ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca na Comhairle Ealaíon, d'fhonn an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí a thagann chun cinn agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá gcuid réimsí oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Chomhairle Ealaíon córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaitheann príomhrioscaí agus ina

Statement on Internal Control / Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

and graded according to their significance. The register is reviewed and agreed by the ARC on a quarterly basis. The outcome of these assessments is used to plan and allocate resources to ensure risks are managed to an acceptable level.

The risk register details the controls and actions needed to mitigate risks and responsibility for operation of controls assigned to specific staff. I confirm that a control environment containing the following elements is in place.

- procedures for all key business processes have been documented,
- financial responsibilities have been assigned at management level with corresponding accountability,
- a comprehensive budgeting system with an annual budget that is reviewed and agreed by Council members,
- systems aimed at ensuring the security of the information and communication technology systems,
- systems in place to safeguard the assets, and
- control procedures over grant funding to outside agencies ensure adequate control over approval of grants and monitoring and review of grantees to ensure grant funding has been applied for the purpose intended.

Ongoing Monitoring and Review

Formal procedures have been established for monitoring control processes and control deficiencies are communicated to those responsible for taking corrective action and to management and the Council, where relevant, in a timely way. I confirm that the following ongoing monitoring systems are in place:

- key risks and related controls have been identified and processes have been put in place to monitor the operation of those key controls and report any identified deficiencies,
- reporting arrangements have been established at all levels where responsibility for financial management has been assigned, and,
- there are regular reviews by senior management of periodic and annual performance and financial reports which indicate performance against budgets/forecasts.

Procurement

I confirm that the Arts Council has procedures in place to ensure compliance with current procurement rules and guidelines. Matters arising regarding controls over procurement are highlighted under internal control issues below.

dtuairiscítear orthu agus na gníomhartha bainistíochta atáthar a ghlacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú, a mhéid is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Comhairle Ealaíon agus sainithníodh iad sin, rinneadh measúnú orthu agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus comhaontú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Baintear leas as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus chun freagracht as oibriú rialuithe a shannadh d'fhoireann shonrach. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- tá na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó breactha síos,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn comhaltaí na Comhairle,
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide,,
- córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha rud a chinntíonn go bhfuil dóthain smachta ar cheadú deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú go bhfuil maoiniú deontais curtha ag obair don chuspóir dar beartaíodh é.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh i gcúrsaí rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus do chomhaltaí na Comhairle Ealaíon, nuair is iomchuí, ar bhealach caoithiúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- sainithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a sainithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal i gcás ina bhfuil freagracht maidir le bainistíocht airgeadais sannta, agus,
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe

Statement on Internal Control / Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (ar lean)

Review of Effectiveness

I confirm that the Arts Council has procedures to monitor the effectiveness of its risk management and control procedures. The Arts Council's monitoring and review of the effectiveness of the system of internal financial control is informed by the work of the internal and external auditors, the Audit and Risk Committee which oversees their work and the senior management within the Arts Council responsible for the development and maintenance of the internal financial control framework.

I confirm that the annual review of the effectiveness of the internal controls has been carried out for 2017.

Internal Control Issues

All internal control recommendations related to the physical security of the art works as disclosed in the 2016 SIFC have now been executed. Matters arising in relation to 1) Grant Payments – Reel Art Scheme and 2) Procurement are as follows: –

Weaknesses in control over certain grant payments

In 2017, the Arts Council awarded grants totalling €58.2 million to outside organisations and individuals (Note 5). This included recurring funding of €42.2 million and €4.2 million for non recurring funding to Arts Organisations. In addition, it provides funding for direct promotions and special initiatives which in 2017 totalled €1.3million (Note 6).

The Arts Council paid one of the organisations recurrent grant funding of €225,000, funding for exhibition support of €25,000 and €170,000 to fund an arts programme administered on behalf of the Arts Council.

In March 2018, the Arts Council became aware that the organisation had not in fact paid the 2017 grants to the intended beneficiaries. The organisation went into liquidation shortly afterwards.

Following legal advice, the Arts Council has undertaken to honour all payments due. The Arts Council has estimated that a total of €196,000 is due to intended beneficiaries including some amounts in relation to previous years. The 2017 financial statements recognise a provision for the full amount due. The Arts Council has no realistic prospect of recovering these amounts from the grant funded entity, now in liquidation.

In general, the Arts Council prefunds organisations in advance of expenditure being incurred, and has the sanction of the Department of Culture Heritage and the Gaeltacht and the Department of Public Expenditure and Reform to do so. The Arts Council's control processes include advancing of funding to organisations in tranches and

rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil a thugann feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí le fios.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Ealaíon lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Léirítear ceisteanna a ardaíodh maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna um rialú inmheánach thíos.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gComhairle Ealaíon chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a bainistiú riosca agus a cuid nósanna imeachta. Tá bonn eolais ag monatóireacht agus ag athbhreithniú na Comhairle Ealaíon ar chóras an rialaithe inmheánaigh airgeadais ó obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Chomhairle Ealaíon atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Dearbhaím go bhfuil an t-athbhreithniú bliantúil maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha déanta don bhliain 2017.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Tá na moltaí ar fad maidir le rialú inmheánach a bhaineann le slándáil fhisiceach na saothar ealaíne mar a nochtadh in SIFC 2016 curtha i gcrích anois. Tá ceisteanna a ardaíodh i ndáil le 1) Íocaíochtaí Deontais – Scéim Reel Art agus 2) Soláthar mar seo a leanas: –

Laigí maidir le rialú ar íocaíochtaí deontais áirithe

In 2017, bhronn an Chomhairle Ealaíon deontais iomlána dar luach €58.2 milliún ar eagraíochtaí agus daoine aonair seachtracha (Nóta 5). Áiríodh orthu sin maoiniú athfhillteach €42.2 milliún agus €4.2 milliún do mhaoiniú neamh-athfhillteach d'Eagraíochtaí Ealaíon. Anuas air sin, cuireann sé maoiniú ar fáil do phromóisin dhíreacha agus do thionscnaimh speisialta arbh ionann é agus €1.3 milliún in 2017 (Nóta 6).

D'íoc an Chomhairle Ealaíon maoiniú deontais athfhillteach €225,000 le ceann de na heagraíochtaí, maoiniú ar thacaíocht taispeántais €25,000 agus €170,000 le clár ealaíon a mhaoiniú arna riaradh thar ceann na Comhairle Ealaíon..

I Márta 2018, cuireadh an Chomhairle Ealaíon ar an eolas nár íoc an eagraíocht deontais 2017 leis na spriocthairbhíthe.

Statement on Internal Control / Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach


verification processes to obtain assurance that conditions have been met before the next tranche is advanced. However, the full amount of funding for the arts programme was advanced to this organisation in one tranche in January 2017, and before the 2016 financial statements were received.

The Arts Council plans to review its controls over funding to outside organisations in particular where funding is provided in one tranche. It also plans to review its processes for assessing the financial viability of grant funded organisations.

Non-compliance with procurement rules

During 2017, the Arts Council incurred expenditure of €120,916 where the procedures employed did not comply with procurement rules. In the main this related to the rollover of existing contracts for a number of services. The Arts Council is undertaking or has now completed tender processes in relation to all contracts that had been rolled over.

Signed on behalf of the Arts Council



Sheila Pratschke
Chairperson
19 June 2018

Go gairid ina dhiaidh sin chuaigh an eagraíocht faoi leachtú.

Tar éis comhairle dlí a fháil, tá sé geallta ag an gComhairle Ealaíon gach íocaíocht dlite a íoc. Mheas an Chomhairle Ealaíon go bhfuil €196,000 ar an iomlán dlite le spriocthairbhíthe lena n-áirítear méideanna áirithe i ndáil le blianta roimhe sin. Aithnítear i ráiteas airgeadais 2017 soláthar don mhéid iomlán dlite. Níl aon ionchas réadúil ag an gComhairle Ealaíon na méideanna seo a aisghabháil ón aonán le maoiniú deontais, atá faoi leachtú anois.

Go ginearálta, déanann an Chomhairle Ealaíon réamh-mhaoiniú ar eagraíochtaí sula dtabhaítear an caiteachas, agus tá sainchead na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe aici chun sin a dhéanamh. Áirítear le próisis rialaithe na Comhairle Ealaíon maoiniú a réamhíoc le heagraíochtaí i dtráinsí agus próisis fhíoraithe chun ráthaíocht a fháil gur sásaíodh coinníollacha sula réamhíoctar an chéad tráinse eile. Ach, réamhíocadh an méid iomlán maoinithe don chlár ealaíne leis an eagraíocht seo i dtráinse amháin in Eanáir 2017, agus sula bhfuarthas ráitis airgeadais 2016.

Tá sé i gceist ag an gComhairle Ealaíon athbhreithniú a dhéanamh ar a rialuithe ar mhaoiniú d'eagraíochtaí seachtracha, go háirithe i gcás go bhfuil maoiniú á chur ar fáil i dtráinse amháin. Tá sé i gceist aici freisin athbhreithniú a dhéanamh ar a próisis chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht airgeadais na n-eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú deontais.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

I rith 2017, thabhaigh an Chomhairle Ealaíon caiteachas €120,916 i gcás nár chloígh na nósanna imeachta a úsáideadh leis na rialacha soláthair. Bhain sé seo den chuid is mó le tar-rolladh conarthaí reatha as roinnt seirbhísí. Tá an Chomhairle Ealaíon anois ag tabhairt faoi nó tá próisis tairisceana curtha i gcrích aici i ndáil le gach conradh a tar-rolladh.

Sínithe ar son na Comhairle Ealaíon



Sheila Pratschke
Cathaoirleach
19 Mí an Mheithimh 2018

Statement of Income and Expenditure for the year ended 31 December 2017 / Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017


	Notes / Nótaí	2017 €000's	2016 €000's
Income / Ioncam			
Oireachtas grant / Deontas ón Oireachtas	(3a)	65,941	61,180
Other grants / Deontais eile	(3b)	374	346
Other income / Ioncam eile	(3c)	–	1
Net deferred funding for retirement benefits / Glanmhaoiniú iarchurtha do sochair scoir	(16)	1,030	809
		67,345	62,336
Expenditure / Caiteachas			
Staff remuneration / Costais foirne	(4)	4,588	3,939
Grants / Deontais	(5)	58,043	53,762
Expenditure on the arts / Caiteachas ar na healaíona	(6)	2,522	2,615
Other admin Costs / Costais riaracháin eile	(6)	1,855	1,873
		67,008	62,189
Surplus for the year before appropriations / Barrachas don bhliain roimh leithreasuithe		337	147
Transfer from capital reserve / Aistriú ón / (chuig an) gcúlchiste caipitil	(10)	20	127
Surplus for the year after appropriations / Barrachas don bhliain tar éis leithreasuithe		357	274

The Statement of cashflows and notes 1 to 18 form part of these financial statements. /

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar shreafaí airgeadais agus na nótaí ó 1 go 18.



Sheila Pratschke
Chairperson / Cathaoirleach
19 June 2018




Orlaith McBride
Director / Stiúrthóir
19 Mí an Mheithimh 2018

Statement of Comprehensive Income for the year ended 31 December 2017 / Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017


	Notes / Nótaí	2017 €000's	2016 €000's
Surplus for the year after appropriations / Barrachas don bhliain tar éis leithreasuithe		357	274
Experience gains on retirement benefit scheme liabilities / Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime sochair scoir	(15)	33	111
Effect of changes in actuarial assumptions / Éifeacht na n-athruithe ar na boinn tuisceana achtúireacha	(15)	378	(1,535)
Adjustment to deferred exchequer retirement benefit funding / Coigeartú ar chiste sochair scoir iarchurtha ón státchiste	(16)	(411)	1,424
Deficit on revaluation / Easnamh ar athluacháil	(7)	(58)	(2,727)
Total comprehensive surplus / (deficit) for the year / Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain roimh aistriú chuig an gcúlchiste caipitil		299	(2,453)

The Statement of cashflows and notes 1 to 18 form part of these financial statements. /
Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar shreafaí airgeadais agus na nótaí ó 1 go 18.



Sheila Pratschke

Chairperson / Cathaoirleach
19 June 2018 / 19 Mí an Mheithimh 2018



Orlaith McBride

Director / Stiúrthóir
19 June 2018 / 19 Mí an Mheithimh 2018

Statement of Changes in Reserves and Capital Account for the year ended 31 December 2017 / Ráiteas ar Athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipitil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Notes / Nótaí	Revenue reserve / Cúlchiste ioncaim €000's	Capital reserve / Cúlchiste caipitil €000's	Trust fund reserve / Cúlchiste an chiste iontaobhais €000's	Total / Iomlán €000's
Balance at 1 January 2016 / Iarmhéid ag 1 Eanáir 2016		1,285	5,592	967	7,844
Surplus for the year after appropriations / Barrachas don bhliain tar éis leithreasuithe		(2,453)	-	-	(2,453)
Transfer (from) capital reserve / Aistriú chuig an gcúlchiste caipitil	(10)	-	(127)	-	(127)
Deficit on revaluation / Easnamh ar athluacháil	(10)	2,727	(2,727)	-	-
